



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
EMILIOU
arna tabhairt an 15 Bealtaine 2025¹

Cás C-209/23

**FT,
RRC Sports GmbH
v**

Fédération internationale de football association (FIFA)

(Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Mainz (an Chúirt Réigiúnach, Mainz, an Ghearmáin))

(Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Margadh inmheánach – Rialacha arna dtabhairt isteach ag cumainn spóirt idirnáisiúnta – Sacar gairmiúil – Comhlachas domhanda spóirt – Rialacháin maidir le gníomhairí sacair – Airteagal 101(1) CFAE – Coincheap ‘cuspóir’ frithiomaíoch – Cásdlí *Meca-Medina* – Airteagal 101(3) CFAE – Airteagal 102 CFAE – Mí-úsáid ceannasachta – Mí-úsáid dúshaothraithe – Mí-úsáid eisiatach – Airteagal 56 CFAE – Srian ar shaoirse chun seirbhísí a sholáthar – Cosaint sonraí pearsanta – Airteagal 6(1)(f) Rialachán (AE) 2016/679)

I. Réamhrá

1. I roinnt cásanna le déanaí – eadhon, *ISU*,² *Superleague*,³ *Royal Antwerp*,⁴ agus *FIFA*⁵ – b'éigean don Chúirt athbhreithniú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht rialachán áirithe arna nglacadh ag comhlachais spóirt idirnáisiúnta nó náisiúnta le forálacha iomaíochta agus margaidh inmheánaigh an Aontais.

2. Is ábhar leantach nádúrtha ar na cásanna sin atá i gceist leis an gcás seo. Go deimhin, baineann an díospóid sna príomhimeachtaí le rialacháin de chuid comhlachais spóirt idirnáisiúnta ('na rialacháin atá faoi cheist') lena rialaítear gníomhaíochtaí ghníomhairí na n-imreoirí ('na gníomhairí'). Lena ceisteanna, iarrann an chúirt a rinne an tarchur go bunúsach ar an gCúirt treoir bhreise a thabhairt maidir le saincheisteanna léiritheacha éagsúla a eascraíonn as forálacha an Aontais maidir le hiomaíocht, an margadh inmheánach agus cosaint sonraí.

¹ Bunteanga: an Béarla.

² Breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union v an Coimisiún* (C-124/21 P, EU:C:2023:1012) ('an breithiúnas in *ISU*').

³ Breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company* (C-333/21, EU:C:2023:1011) ('an breithiúnas in *Superleague*').

⁴ Breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Royal Antwerp Football Club* (C-680/21, EU:C:2023:1010) ('an breithiúnas in *Royal Antwerp*').

⁵ Breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *FIFA* (C-650/22, EU:C:2024:824) ('an breithiúnas in *FIFA*').

3. Ardaítear saincheisteannta atá an-chosúil freisin le dhá tharchur eile chun réamhrialú – iad siúd i gCásanna C-428/23, *ROGON agus páirtithe eile*,⁶ agus i C-133/24, *CD Tondela agus páirtithe eile*⁷ – ina dtabharfaidh mé mo Thuairim inniu. Dá bhrí sin, ba cheart an Tuairim seo a léamh i dteannta na dTuairimí eile sin. Ar mhaithe le barainneacht bhreithiúnach, agus chun cabhrú leis na léitheoirí, déanfaidh mé iarracht athrá gan ghá a sheachaint sna trí Thuairim agus, chuige sin, déanfaidh mé roinnt crostagairtí eatarthu.

II. An dlí lena mbaineann

4. Foráiltear le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) ('RGCS'),⁸ dar teideal 'Dleathacht na próiseála':

'1. Ní bheidh an phróiseáil dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, le ceann díobh seo a leanas ar a laghad:

[...]

is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí [...].

[...]'

III. Fíorais, nós imeachta agus an cheist a tharchuirtear

5. Is iad na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí FT, gníomhaire d'imreoirí agus Leas-Uachtarán chomhlachas gníomhairí na n-imreoirí 'Football Forum', agus RRC Sports, cuideachta atá lonnaithe sa Ghearmáin, a fheidhmíonn mar ghníomhaire d'imreoirí freisin agus arb é FT stiúrthóir bainistíochta uirthi. Is comhlachas neamhbhrabúis arna rialú ag dlí na hEilvéise é an cosantóir, Fédération internationale de football association (FIFA), a bhfuil a oifig chláraithe aige in Zürich (an Eilvéis). Is é an comhlacht rialaithe domhanda don sacar é freisin, a dhéanann maoirseacht ar 211 comhlachas náisiúnta is baill, lena n-áirítear Deutscher Fußball-Bund (Cumann Sacair na Gearmáine).

6. De réir Airteagal 11(4) agus Airteagal 14 de Bhunreacht FIFA, ní mór do na comhlachais is baill cloí le rialacháin FIFA agus a cinntí a aithint.

7. An 16 Nollaig 2022, ghlac Comhairle FIFA Football Agent Regulations FIFA (*Rialacháin Ghníomhairí Sacair FIFA*) ('FFAR'), a foilsíodh ina dhiaidh sin an 6 Eanáir 2023. Foráiltear leis na rialacháin sin an creat lena rialaítear, *inter alia*, luach saothair, gníomhaíochtaí agus iompar gníomhairí na n-imreoirí. Tháinig Airteagail 1 go 10 agus 22 go 27 de FFAR i bhfeidhm an 9 Eanáir 2023. Bhí sé sceidealaithe go dtiocfadh na forálacha eile i bhfeidhm an 1 Deireadh

⁶ C-428/23 ('an Tuairim in *ROGON*').

⁷ EU:C:2025:.... C-133/24 ('an Tuairim in *CD Tondela*').

⁸ IO 2016 L 119, lch. 1.

Fómhair 2023. I measc na rialacha sin, forchuirtear le FFAR teorainneacha ar tháillí gníomhairí imreoirí agus tugtar isteach rialacha eile maidir le coinbhleachtaí leasa agus ar théarmaí conarthacha.

8. Thionscain na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí caingean le haghaidh urghaire os comhair Landgericht Mainz (an Chúirt Réigiúnach, Mainz, an Ghearmáin) ag iarraidh bac a chur ar chur i bhfeidhm rialacha áirithe de FFAR ('na rialacha atá faoi cheist')⁹ ar an mbonn go sáraítear Airteagal 56 CFAE, Airteagail 101 agus 102 CFAE agus Airteagal 6 de RGCS. Óna thaobh féin de, áitíonn FIFA go bhfuil na rialacha atá in FFAR dleathach agus riachtanach araon ar mhaithe le sláine sacair, lena gcothaítear dlúthpháirtíocht idir an leibhéal gairmiúil agus leibhéal an phobail agus lena n-áirítear trédhearcacht agus caighdeán eiticiúla.

9. Agus amhras uirthi maidir leis an léiriú ceart ar fhorálacha ábhartha dhlí an Aontais, chinn Landgericht Mainz (an Chúirt Réigiúnach, Mainz) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An gcaithfear Airteagal 101 [CFAE] (toirmeasc ar chairtéil), Airteagal 102 CFAE (toirmeasc ar mhí-úsáid ceannasachta) agus Airteagal 56 CFAE (an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar) mar aon le hAirteagal 6 de [RGCS] a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar rialacha arna nglacadh ag comhlachas domhanda spóirt (FIFA sa chás seo), a bhfuil 211 chomhlachas náisiúnta spóirt den spórt lena mbaineann (sacar sa chás seo) ina mbaill de, agus, dá bhrí sin, a bhfuil a rialacha ina gceangal ar fhormhór na ngníomhaithe atá gníomhach sna sraithchomórtais náisiúnta faoi seach den spórt sin (sa chás seo: clubanna (lena n-áirítear clubanna sacair a eagraítear mar chuideachtaí caipitil)), imreoirí (ar baill den chlub iad) agus gníomhairí imreora, agus a leagtar síos iontu:

- (1) toirmeasc ar luach saothair gníomhairí imreora a chomhaontú nó a íoc le gníomhairí imreora atá níos airde ná uasmhéid ar céatadán é de tháille aistrithe nó luach saothair bliantúil an imreora sin, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 15(2) de [FFAR];
- (2) toirmeasc ar thríú páirtithe íoc as an luach saothair atá dlite faoin gconradh leis an ngníomhaire imreora i leith chomhpháirtí conartha an ghníomhaire imreora, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 14(2) agus (3) de FFAR;
- (3) toirmeasc ar chlubanna, i gcás ina bhfuil gníomhaire imreora ag gníomhú don chlub earcaíochta agus don imreoir, níos mó ná 50 % den luach saothair iomlán atá dlite ón imreoir agus ón gclub as seirbhísí an ghníomhaire imreora a íoc, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 14(10) de FFAR;
- (4) chun ceadúnas mar ghníomhaire imreora a dheonú, ar réamhchoinníoll é chun seirbhísí mar ghníomhaire imreora a chur ar fáil, éilítear go n-aontóidh an t-iarratasóir le rialacháin inmheánacha an chomhlachais dhomhanda spóirt (sa chás seo, FFAR, Bunreacht FIFA, Cód Araíonachta FIFA, Cód Eitice FIFA, [FIFA RSTP] chomh maith le reachtanna, rialacháin, treoirlínte agus cinntí údarás agus comhlachtaí) agus lena dhlínse mar chomhlachas agus dlínse cónaidhmeanna agus comhlachais is baill, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 4(2), Airteagal 16(2)(b) agus Airteagal 20 de FFAR, i gcomhar le hAirteagal 8(3), Airteagal 57(1)

⁹ I gcás inarb ábhartha, mar a chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhar le rialacha eile arna n-eisiúint ag FIFA amhail Airteagal 18ter de Rialacháin FIFA maidir le Stádas agus Aistriú Imreoirí ('RSTP FIFA'), Airteagal 7 de Rialacháin FIFA maidir le hOibriú le hIdirghabhálaithe, Airteagail 8, 14, 57 agus 58 de Bhunreacht FIFA 2021, Airteagail 5, 49 agus 53 de Chód Iompair FIFA 2019, agus Airteagail 4 agus 82 de Chód Eitice FIFA 2020.

agus Airteagal 58(1) agus (2) de Bhunreacht FIFA, Airteagal 5(a), Airteagal 49 agus Airteagal 53(3) de Chód Araíonachta FIFA, agus Airteagal 4(2) agus Airteagal 82(1) den Chód Eitice;

- (5) riachtanais chun ceadúnas a dheonú mar ghníomhaire imreora, faoina gcuirtear as an áireamh go buan go bhféadfar ceadúnas a dheonú i gcás ciontuithe nó socrúithe in imeachtaí coiriúla nó cur ar fionraí 2 bhliain nó níos mó, cur ar fionraí nó aistarraingt ceadúnais, nó aon dícháiliú eile a rinne údarás nó comhlacht rialála spóirt, gan an fhéidearthacht a bheith ann ceadúnas a dheonú ar dháta níos déanaí, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 5(1)(a)(ii) agus (iii) de FFAR;
- (6) toirmeasc ar ghníomhairí imreora, i dtaca le comhaontú aistrithe agus/nó conradh fostaíochta a chur i gcrích, seirbhísí gníomhaire imreora nó aon seirbhísí eile a sholáthar dóibh seo a leanas, agus íocaíocht a fháil as na seirbhísí sin uathu: (a) an club a scaoileann leo agus an club earcaíochta, (b) an club a scaoileann leo agus an t-imreoir, (c) aon pháirtithe rannpháirteacha (an club a scaoileann leo, an club earcaíochta agus an t-imreoir), mar a fhoráiltear dó in Airteagal 12(8) agus (9) de FFAR; agus
- (6a) toirmeasc ar ghníomhairí imreora, i dtaca le comhaontú aistrithe agus/nó conradh fostaíochta a chur i gcrích, i dteannta le gníomhaire imreora nasctha, seirbhísí gníomhaire imreora nó aon seirbhísí eile a sholáthar dóibh seo a leanas, agus íocaíocht a fháil as na seirbhísí sin uathu: (a) an club a scaoileann leo agus an club earcaíochta, (b) an club a scaoileann leo agus an t-imreoir, (c) aon pháirtithe rannpháirteacha (an club a scaoileann leo, an club earcaíochta agus an t-imreoir), má áirítear i gcoincheap an ghníomhaire imreora nasctha comhar de réir an tsainmhínithe ar “connected football agent” a leagtar síos in FFAR (an ceathrú fomhír ar lch. 6 de FFAR), mar a fhoráiltear dó in Airteagal 12(10) de FFAR, i gcomhar leis an sainmhíniú ar “connected football agent” sa cheathrú fomhír ar lch. 6 de FFAR;
- (7) toirmeasc ar ghníomhairí imreora dul i dteagmháil le, nó comhaontú ionadaíochta a chur i gcrích le, club, imreoir [...] nó comhlachas is ball den chomhlachas domhanda spóirt nó duine dlítheanach a oibríonn sraith eintitis aonair dá gceadaítear gníomhairí imreora a earcú agus a bhfuil comhaontú eisiach curtha i gcrích acu le gníomhaire imreora eile, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 16(1)(b) agus (c) de FFAR;
- (8) ní mór ainmneacha agus sonraí maidir le gach gníomhaire imreora, ainmneacha na gcliant dá ndéanann siad ionadaíocht, na seirbhísí gníomhaire imreora a sholáthraíonn siad do gach cliant aonair agus/nó na sonraí faoi gach idirbheart ina bhfuil gníomhairí imreora páirteach, lena n-áirítear an luach saothair is infíochta leis na gníomhairí imreora, a uaslódáil ar ardán de chuid an chomhlachais dhomhanda spóirt agus cuirtear an fhaisnéis sin ar fáil i bpáirt do chlubanna, imreoirí nó gníomhairí imreora eile, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 19 de FFAR;
- (9) toirmeasc ar luach saothair i leith seirbhísí gníomhairí imreora a chomhaontú ar aon bhonn eile seachas luach saothar an imreora nó an táille aistrithe, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 15(1) de FFAR;
- (10) glactar leis go bhfuil seirbhísí eile a sholáthraíonn gníomhaire imreora nó gníomhaire imreora atá nasctha leis sna 24 mhí sula soláthraítear seirbhísí gníomhaire imreora do chliant atá páirteach in idirbheart dár cuireadh seirbhísí gníomhaire imreora ar fáil nó sna 24 mhí i ndiaidh an tsoláthair sin mar chuid de na seirbhísí gníomhaire imreora agus, a

mhéid nach féidir an toimhde sin a bhréagnú, meastar go dtagann luach saothair seirbhísí eile faoin luach saothair a íoctar as na seirbhísí gníomhaire imreora, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 15(3) agus (4) de FFAR;

- (11) ní mór ríomh mhéid luach saothair an ghníomhaire imreora ar bhonn [pro-rata] a bhunú ar an tuarastal iarbhrí a fuair an t-imreoir, agus air sin amháin, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 14(7) agus (12) de FFAR;
- (12) ceanglaítear ar ghníomhairí imreora an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh don chomhlachas domhanda spóirt:
 - (a) laistigh de 14 lá óna chur i gcrích: aon chomhaontú le cliant seachas comhaontú ionadaíochta, lena n-áirítear seirbhísí eile, ach gan teorainn don mhéid sin, agus an fhaisnéis a iarrtar ar an ardán,
 - (b) laistigh de 14 lá óna íoctar an luach saothair: an fhaisnéis a iarrtar ar an ardán,
 - (c) laistigh de 14 lá óna íoctar aon luach saothair a bhaineann le haon chomhaontú le cliant seachas comhaontú ionadaíochta: an fhaisnéis a iarrtar ar an ardán,
 - (d) laistigh de 14 lá ón teagmhas: aon socrú conarthach nó de chineál eile idir ghníomhairí imreora chun comhoibriú a dhéanamh ó thaobh seirbhísí a sholáthar nó chun ioncam nó brabús d'aon chuid dá seirbhísí gníomhairí imreora a chomhroinnt,
 - (e) má chuireann siad a ngnóthaí i gcrích trí ghníomhaireacht, laistigh de 14 lá ón gcéad idirbheart lena mbaineann an ghníomhaireacht: líon na ngníomhairí imreora a úsáideann an ghníomhaireacht chéanna chun a ngnóthaí a chur i gcrích agus ainmneacha na bhfostaithe go léir, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 16(2)(j)(ii) go (v) agus (k)(ii) de FFAR;
- (13) toirmeasc ar chlubanna luach saothair nó luach saothair nó gnéithe den luach saothair a chomhaontú le ghníomhairí imreora maidir le himreoirí a aistriú sa todhchaí nó luach saothair nó gnéithe den luach saothair a íoc le ghníomhairí imreora, a bhfuil a ríomh ag brath (freisin) ar an gcúiteamh aistrithe todhchaí a gheobhaidh an club ó aistriú an imreora ina dhiaidh sin, mar a fhoráiltear in Airteagal 18ter(1), an chéad rogha, de [FIFA RSTP] agus Airteagal 16(3)(e) de FFAR.'

10. Tá barúlacha i scríbhinn curtha isteach ag FT, FIFA, ag Rialtais na Gréige, na Fraince agus na hUngáire, chomh maith leis an gCoimisiún Eorpach.

11. I litir dar dáta an 5 Márta 2024, thug an Chúirt cuireadh do pháirtithe leasmhara, ar bhonn Airteagal 62(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, a mbarúlacha a chur isteach maidir le tionchar na mbreithiúnas in *ISU*, in *Superleague* agus in *Royal Antwerp* maidir leis an bhfreagra atá le tabhairt ar an gceist a tharchuirtear sa chás seo. Chomhlíon FT, FIFA, Rialtais na Gréige, na Fraince agus na hUngáire, agus an Coimisiún, an iarraidh sin.

12. Chuir FT, FIFA, Rialtas na hUngáire agus an Coimisiún Eorpach argóint ó bhéal i láthair freisin ag an éisteacht an 12 Feabhra 2025.

IV. Anailís

13. Lena ceist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht rialachán, amhail FFAR, le dlí an Aontais, ar rialacháin iad a ghlac comhlachas domhanda spóirt agus a bhaineann le gníomhaíocht gníomhairí lúthchleasaithe. Fiafraítear leis an gceist a tharchuirtear faoin léiriú ceart ar cheithre fhoráil de dhlí an Aontais agus, dá bhrí sin, ardaíonn sí raon iliomad saincheisteanna dlíthiúla ar cheart scrúdú a dhéanamh orthu ar leithligh.

14. Sula dtosaím ar mo mheasúnú ar na saincheisteanna sin (C, D, E agus F), ba mhaith liom roinnt réamhráite a dhéanamh ar dtús atá de chineál sistéamach (A) agus modheolaíoch (B).

A. Réamhbharúlacha (I) – sistéamach

15. Ar dtús, measaim gur fiú trí réamhbharúil a dhéanamh léargas a thabhairt do léitheoirí na Tuairime seo (agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha freisin do léitheoirí an dá Thuairim eile dá dtagraítear i mír 3 thuas).

16. Ar dtús, ba mhaith liom a mheabhrú, de réir cásdlí socair, a mhéid is gníomhaíocht eacnamaíoch í, go bhfuil cleachtadh spóirt faoi réir fhorálacha dhlí an Aontais is infheidhme maidir le gníomhaíocht den sórt sin.¹⁰ Dá réir sin, d'fhéadfadh na rialacha arna nglacadh ag comhlachais spóirt lena rialaítear obair íoctha nó feidhmiú seirbhísí ag imreoirí gairmiúla nó leathghairmiúla agus, ar bhonn níos leithne, na rialacha sin a bhfuil tionchar indíreach acu ar an obair sin nó ar fheidhmiú seirbhísí cé nach rialaítear go foirmiúil iad, teacht faoi raon feidhme fhorálacha an Aontais maidir le *saorghluaiseacht*. Sa bhreis air sin, tagann na rialacha sin agus, ar bhonn níos leithne, iompar na gcomhlachas a ghlac iad faoi raon feidhme fhorálacha *iomaíochta* an Aontais i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha, a mhéid is féidir na comhlachais sin a aicmiú mar 'chomhlachais ghnóthas' agus na rialacha atá i gceist mar 'chinntí ó chomhlachais ghnóthas' chun críocha Airteagail 101 agus/nó 102 CFAE.¹¹

17. Mar sin féin, tá sé sonraithe go comhsheasmhach ag an gCúirt nach mór rialacha sonracha áirithe a glacadh ar fhorais neamheacnamaíocha amháin agus a bhaineann le ceisteanna a bhaineann go hiomlán leis an spórt *per se* a mheas mar rialacha atá seachtrach le haon ghníomhaíocht eacnamaíoch. Is amhlaidh atá, go háirithe, maidir leis na rialacha sin a bhaineann le himreoirí coigríche a eisiamh ó chomhdhéanamh foirne a ghlacann páirt i gcomórtais idir foirne a dhéanann ionadaíocht ar a dtír féin nó maidir leis na critéir rangaithe a chinneadh a úsáidtear chun na lúthchleasaithe a ghlacann páirt i gcomórtais ar bhonn aonair a roghnú.¹²

¹⁰ Féach an breithiúnas in *Superleague*, mír 83 agus an cásdlí dá dtagraítear.

¹¹ *Ibid.*, míreanna 85 go 87 agus an cásdlí dá dtagraítear.

¹² *Ibid.*, mír 84.

18. Ba cheart, dar liomsa, an ‘eisceacht spóirt’ sin – a théann siar go dtí an cás ceannródaíoch *Walrave*,¹³ agus a cháintear go minic i scoláireacht dlí,¹⁴ – a léiriú ar bhealach cúng.¹⁵ Tá sé sonraithe go comhsheasmhach ag an gCúirt nach gciallaíonn an fíoras go bhfuil riail atá de chineál spóirt amháin nach bhfuil feidhm aici ach amháin maidir le spórt go n-eisiatar go huathoibríoch an riail sin agus, *a fortiori*, an ghníomhaíocht lena mbaineann ó raon feidhme an Chonartha.¹⁶

19. Déanta na fírinne, ní fíor-eisceacht ar bith í an ‘eisceacht spóirt’ ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Aontais atá i gceist, ach níl inti ach cur i bhfeidhm dhá phrionsabal sheanbhunaithe.

20. Is é an chéad phrionsabal den sórt sin ná go mbaineann forálacha an Aontais maidir le saorghluaiseacht agus iomaíocht, go ginearálta, le *gníomhaíochtaí eacnamaíocha* agus le trádáil laistigh den Aontas Eorpach.¹⁷ Mar shampla, is cásdlí socair é nach bhfuil carachtar eacnamaíoch ag baint le gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú sainchumas údaráis phoiblí,¹⁸ nó a sholáthraítear ar bhonn dlúthpháirtíochta, agus nach bhfuil i gceist leo earraí nó seirbhísí a thairiscint ar an margadh ar mhalairt ar luach saothair, go bhféadfadh na gníomhaíochtaí sin a bheith lasmuigh de raon feidhme fhorálacha an Aontais maidir le hiomaíocht.¹⁹ Is amhlaidh é sin in ainneoin go bhféadfadh srian teagmhasach éigin ar iomaíocht teacht astu.²⁰ Ar an gcaoi chéanna, tá sé soiléirithe ag an gCúirt nach mbíonn tionchar ag forálacha an mhargaidh inmheánaigh, de ghnáth, ar bhearta nach mbíonn tionchar acu ach ar ghnéithe neamheacnamaíocha de shaol shaoránaigh an Aontais.²¹

21. Is é an dara prionsabal ná, fiú i gcás nach féidir éifeacht indíreach éigin ar fheidhmiú gníomhaíochta eacnamaíche nó ar thrádáil laistigh den Aontas Eorpach a eisiadh *a priori*, tá sé fós neamhábharta chomh fada agus is féidir é a mheas mar *de minimis*. Tá sé sonraithe go comhsheasmhach ag an gCúirt nach féidir bearta a bhfuil a n-éifeachtaí ar thrádáil laistigh den Aontas de chineál *ró-éiginnte*, indíreach, doiléir, scoite, tuairimeach nó hipitéiseach a mheas mar

¹³ Breithiúnas an 12 Nollaig 1974, *Walrave agus Koch* (36/74, EU:C:1974:140, mír 8) (‘an breithiúnas in *Walrave*’). A deimhníodh ina dhiaidh sin, *inter alia*, i mbreithiúnais an 15 Nollaig 1995, *Bosman* (C-415/93, EU:C:1995:463, mír 76) (‘an breithiúnas in *Bosman*’), agus an 11 Aibreán 2000, *Deliège* (C-51/96 agus C-191/97, EU:C:2000:199, mír 43) (‘an breithiúnas in *Deliège*’).

¹⁴ Féach, le tagairtí breise, Parrish, R. agus Miettinen, S., *The Sporting Exception in European Union Law*, T.M.C. Asser Press, 2008; agus Weatherill, S., ‘The impact of the rulings of 21 December 2023 on the structure of EU sports law’, *The International Sports Law Journal*, Iml. 23, 2023, lch. 414.

¹⁵ Féach, mar shampla, an breithiúnas in *Walrave*, mír 9; agus breithiúnais an 14 Iúil 1976, *Donà* (13/76, EU:C:1976:115, mír 15); an 8 Bealtaine 2003, *Deutscher Handballbund* (C-438/00, EU:C:2003:255, míreanna 54 go 56); agus an 18 Iúil 2006, *Meca-Medina agus Majcen v an Coimisiún* (C-519/04 P, EU:C:2006:492, mír 26) (‘an breithiúnas in *Meca-Medina*’). Féach freisin, i scoláireacht, Ibáñez Colomo, P., ‘Competition law and sports governance: Disentangling a complex relationship’, *World Competition*, Iml. 45, Eagrán 3, 2022, lgh. 331 go 334.

¹⁶ Féach, *inter alia*, breithiúnas an 13 Meitheamh 2019, *TopFit agus Biffi* (C-22/18, EU:C:2019:497, míreanna 49 agus 53) (‘an breithiúnas in *TopFit*’), agus an breithiúnas in *FIFA*, mír 79.

¹⁷ Féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Feabhra 2002, *Wouters agus páirtithe eile* (C-309/99, EU:C:2002:98, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear) (‘an breithiúnas in *Wouters*’). Féach freisin, ar bhealach níos ginearálta, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pólares Maduro in *FENIN v an Coimisiún* (C-205/03 P, EU:C:2005:666, mír 15 agus an cásdlí dá dtagraítear).

¹⁸ Féach, mar shampla, breithiúnais an 1 Iúil 2008, *MOTOE* (C-49/07, EU:C:2008:376, mír 24) (‘an breithiúnas in *MOTOE*’), agus an 18 Eanáir 2024, *Lietuvos notarų rūmai agus páirtithe eile* (C-128/21, EU:C:2024:49, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).

¹⁹ Féach, *inter alia*, breithiúnas an 11 Meitheamh 2020, *an Coimisiún agus Poblacht na Slóvaice v Dóvera zdravotná poisťovňa* (C-262/18 P agus C-271/18 P, EU:C:2020:450, míreanna 26 go 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

²⁰ Féach, go háirithe, breithiúnas an 21 Meán Fómhair 1999, *Albany* (C-67/96, EU:C:1999:430, míreanna 59 agus 60). Féach freisin Tuairimí an Abhcóide Ghinearálta Jacobs in *Albany* (C-67/96, EU:C:1999:28, mír 182), agus an tAbhcóide Ghinearálta Wahl in *FNV Kunsten Informatie en Media* (C-413/13, EU:C:2014:2215, míreanna 31 go 35).

²¹ Féach, mar shampla, breithiúnais an 5 Deireadh Fómhair 1988, *Steymann* (196/87, EU:C:1988:475, mír 9), agus an 31 Bealtaine 1989, *Bettray* (344/87, EU:C:1989:226, míreanna 17 go 20).

‘shrianta’ chun críocha fhorálacha an Aontais maidir le saorghluaiseacht.²² Is cinnte go bhfuil an coincheap ‘srian’ leathan, ach ní féidir é a shíneadh chun gach cur isteach beag ar an gcaoi a n-oibríonn gnóthais a chumhdach.²³ Ar an gcaoi chéanna, tá sé seanbhunaithe go mbíonn cineálacha iompair ag gnóthais nach bhfuil éifeacht *shuntasach* acu ar an margadh,²⁴ mar shampla toisc go bhfuil aon tionchar ar na paraiméadair ar a dtarlaíonn iomaíocht imeallach agus indéach,²⁵ lasmuigh de na toirmisc atá leagtha amach i rialacha frith-iontaobhais an Aontais.

22. Dar liomsa, cuimsítear san ‘eisceacht spóirt’, den chuid is mó, na ‘rialacha bunúsacha den chluiche’ agus roinnt gnéithe eagraíochtúla neamheacnamaíocha: mar shampla, conas a reáchtáiltear cluichí (lín na n-imreoirí, fad an chluiche, na cineálacha iompair a cheadaítear nó a dhícheadaítear ar an bpáirc, riachtanais éadaí lúthchleasaithe, agus mar sin de) agus conas a struchtúraítear comórtais (lín na bhfoirne a ghlacann páirt, lín na gcluichí in aghaidh an chomórtais, sceideal na gcluichí, agus mar sin de).²⁶

23. Ní féidir a shéanadh go bhféadfadh tionchar éigin a bheith ag cur i bhfeidhm na rialacha sin, ar shlí hipitéiseach, ar thrádáil agus/nó ar iomaíocht idir gnóthais laistigh den mhargadh inmheánach.²⁷

24. Chun roinnt samplaí, is léir atá míchuibheasach, a thabhairt: ní féidir a rá nach bhfuil aon tionchar ag foirne sacair ar shaorghluaiseacht oibrithe mura gceadaítear dóibh cluichí a imirt ach le 11 imreoir in aghaidh na foirne (agus ní 12 ná 15, mar shampla). Is féidir glacadh leis go méadófaí soghluaisteacht imreoirí sacair laistigh den Aontas dá mbeadh níos mó imreoirí ar an bpáirc.²⁸ Ar an gcaoi chéanna, d’fhéadfaí a áitiú go bhféadfadh cosc a chur ar imreoirí aon rud contúirteach (amhail seodra) a chaitheamh, nó ar lucht féachana cluichí sacair dul isteach sna háitribh faoi thionchar an alcóil agus piriteicnic a iompar agus a lasadh, daoine áirithe a dhíspreagadh ó na hearraí sin a cheannach agus dá bhrí sin tionchar diúltach a imirt ar allmhairí ó Bhallstáit eile.²⁹

25. Ar an gcaoi chéanna, leis an gcinneadh chun lín na bhfoirne a ghlacann páirt i sraith sacair a theorannú go lín áirithe réamhchinnte (mar shampla, 18 bhfoireann sa Bundesliga), agus nach féidir ach le cúpla foireann nua dul isteach sa chéad roinn, ag deireadh an tséasúir, bunaithe ar chóras ardaithe céime ó ranna níos ísle agus ísliú céime go ranna níos ísle, cuirtear bacainní an-ard *de facto* ar iontráil sna margaí ina bhfuil na foirne sin gníomhach. Ar a seal, d’fhéadfadh rialacha maidir leis an uaslíon imreoirí is féidir le foireann a shíniú (25 sa Bundesliga faoi láthair) dochar a dhéanamh d’fhoirne áirithe (mar shampla, iad siúd a bhfuil acmhainní airgeadais níos mó

²² Féach, i measc go leor eile, breithiúnais an 7 Márta 1990, *Krantz* (C-69/88, EU:C:1990:97, mír 11); an 16 Nollaig 1992, *B & Q* (C-169/91, EU:C:1992:519, mír 15); an 14 Iúil 1994, *Peralta* (C-379/92, EU:C:1994:296, mír 24); agus an 26 Bealtaine 2005, *Burmanjer agus páirtithe eile* (C-20/03, EU:C:2005:307, mír 31).

²³ Féach ar mo Thuairim in *Fastweb agus páirtithe eile* (*Creat ama le haghaidh billedála*) (C-468/20, EU:C:2022:996, mír 50).

²⁴ Féach le déanaí, chuige sin, breithiúnas an 5 Nollaig 2024, *Tallinna Kaubamaja Grupp agus KIA Auto* (C-606/23, EU:C:2024:1004, míreanna 28, agus 32 go 34), agus an breithiúnas in *ISU*, mír 109. Féach freisin, breithiúnas an 13 Nollaig 2012, *Expedia* (C-226/11, EU:C:2012:795, míreanna 16 agus 17).

²⁵ Féach, mar shampla, breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2000, *Pavlov agus páirtithe eile* (C-180/98 go C-184/98, EU:C:2000:428, míreanna 90 go 97).

²⁶ Maidir leis an gceist seo, féach Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle Eorpach d’fhonn na struchtúir reatha spóirt a chosaint agus feidhm shóisialta an spóirt a choinneáil laistigh de chreat an Chomhphobail an 10 Nollaig 1999 (Tuarascáil Heilsincí maidir le Spóirt) (COM(1999) 644 final), pointe 4.2.1.1.

²⁷ Díreach cosúil leis an gcaoi a d’fhéadfadh a bheith incháilithe agus/nó roghnaithe chun imirt le foireann náisiúnta ar ghairmeacha beatha na n-imreoirí agus, dá réir sin, ar an íomhá phoiblí dá gclubanna sacair freisin.

²⁸ Féach, mar shampla, an argóint dá dtagraítear i mbreithiúnas an 23 Samhain 1989, *B & Q* (C-145/88, EU:C:1989:593, mír 7).

²⁹ Féach, *mutatis mutandis*, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott i gcás *Mickelsson agus Roos* (C-142/05, EU:C:2006:782, mír 45).

acu nó acadaimh óige níos forbartha) agus, dá bhrí sin, a gcumas dul san iomaíocht i gcoinne foirne eile a theorannú. D'fhéadfaí a áitiú freisin go bhféadfadh beart den sórt sin srian a chur ar shaorghluaiseacht caipitil.

26. Mar sin féin, ní hiad sin na cineálacha srianta lena mbaineann forálacha saorghluaiseachta agus iomaíochta an Aontais.³⁰ Níl sé i gceist leis na forálacha sin cosaint a thabhairt do shaothrú trádála gan bhac ag oibreoirí eacnamaíocha, ná do dhírialáil ghinearálta na margaí.³¹ Tá sé mar aidhm leo a chinntiú go bhfeidhmíonn an margadh inmheánach i gcomhréir le prionsabal an gheilleagair margaidh oscailte, ina n-áirithítear leithdháileadh éifeachtúil acmhainn le saorshreabhadh neamhsaofa táirgí, seirbhísí agus tosca táirgthe³² agus ar an gcaoi sin cur le folláine mhuintir an Aontais Eorpaigh.³³

27. I gcás nach bhfuil aon tionchar inbhraite ar ábhair faoi rialú dhlí an Aontais – *in casu*, trádáil agus/nó iomaíocht laistigh den Aontas – ní féidir aon bhonn cirt a bheith ann, le go gcuirfeadh dlí an Aontais isteach ar na rialacháin arna n-eisiúint ag comhlachais ghairmiúla nó spóirt³⁴ (dá ngairtear *lex sportiva* go minic),³⁵ ar cheart dóibh leibhéal áirithe neamhspleáchais inmheánaigh³⁶ agus cosanta dá ngníomhaíochtaí a bheith acu faoi Airteagal 12(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') lena gcumhdaítear an tsaoirse comhthionóil agus comhlachais.³⁷

28. É sin ráite, ní leor, mar a mhínítear thuas, a mhaíomh gur riail a bhaineann le spórt amháin í riail — is é sin gur glacadh léi ar chúiseanna spóirt agus go rialaítear léi gnéithe neamheacnamaíocha den ghníomhaíocht – chun í a chosaint ar ghrinnschrúdú a dhéanamh uirthi. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar bhonn cás ar chás, dá réir sin, an bhféadfaí forálacha ábhartha an Aontais maidir le saorghluaiseacht agus iomaíocht a chur i bhfeidhm maidir leis na rialacha sin.

³⁰ Féach, ar an gcaoi chéanna, an breithiúnas in *Deliège*, míreanna 64 go 66, inar thagair an Chúirt do rialacha comhlachais spóirt 'a bhfuil sé d'éifeacht acu, ar ndóigh, líon na rannpháirtithe i gcomórtas a theorannú' ach gur 'gné dhílis' í an éifeacht sin 'd'imeacht idirnáisiúnta spóirt ardleibhéil a reáchtáil, ar gá rialacha nó critéir roghnúcháin áirithe a ghlacadh ina leith'. Béim curtha leis.

³¹ Féach, mar shampla, Tuairimí an Abhcóide Ghinearálta Tesauro in *Hünernmund agus páirtithe eile* (C-292/92, EU:C:1993:863, míreanna 1 agus 28), agus an tAbhcóide Ghinearálta Tizzano in *CaixaBank France* (C-442/02, EU:C:2004:187, mír 63).

³² Féach Airteagail 120 agus 199 CFAE, agus Prótacal (Uimh. 27) maidir leis an margadh inmheánach agus iomaíocht. Féach freisin, Tuairimí an Abhcóide Ghinearálta Gulmann in *Schindler* (C-275/92, EU:C:1993:944, mír 123), agus an tAbhcóide Ghinearálta Szpunar i gCásanna Uamtha *X agus Visser* (C-360/15 agus C-31/16, EU:C:2017:397, mír 1).

³³ Féach, go háirithe, Airteagal 3(1) agus (3) CAE. Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wahl in *AC-Treuhand v an Coimisiún* (C-194/14 P, EU:C:2015:350, mír 45).

³⁴ Féach, chuige sin, na breithiúnaí in *Deliège*, míreanna 67 agus 68, agus in *TopFit*, mír 60.

³⁵ Maidir leis an gcoincheap '*lex sportiva*', féach mar shampla Anderson, J., *Modern Sports Law: A Textbook*, Hart Publishing, 2010, lgh. 20 go 23; agus Parrish, R., '*Lex Sportiva and EU sports law*', *European Law Review*, lml. 37, Eagrán 6, 2012, lch. 716.

³⁶ Féach, mar shampla, Airteagal 4 de Chairt Eorpach Spóirt Athbhreithnithe Chomhairle na hEorpa (2022): 'Baineann eagraíochtaí gluaiseachta spóirt tairbhe iomlán as an tsaoirse comhlachais atá cumhdaithe sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint [(ECHR)]'. Tá próisis chinnteoireachta uathrialacha acu agus ba chóir dóibh a gceannairí a roghnú go daonlathach i gcomhréir le prionsabail dea-rialachais.'

³⁷ Mar a shonraigh an Chúirt is é Airteagal 12(1) den Chairt, a fhreagraíonn d'Airteagal 11(1) ECHR, 'is ionann an ceart chun saoirse comhlachais agus ceann de na bunúis fhíor-riachtanacha de shochaí dhaonlathach agus iolraíoch, a mhéid a cheadaítear leis do shaoránaigh gníomhú i gcomhar lena chéile i réimsí de leas coiteann agus trí sin a dhéanamh, cur le feidhmiú cuí an tsaoil phoiblí'. Ní hamháin go n-áirítear leis an gceart sin an tsaoirse chun comhlachas a chruthú nó a dhíscaoileadh ach cumhdaítear leis freisin an fhéidearthacht go ngníomhódh an comhlachas sin idir an dá linn, rud a chiallaíonn, *inter alia*, go gcaithfidh sé a bheith ábalta a ghníomhaíochtaí a shaothrú agus a fheidhmiú gan cur isteach gan údar ón Stát. Féach, le tagairtí do chásdlí ábhartha na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, breithiúnas an 18 Meitheamh 2020, an Coimisiún v an Ungáir (*Trédhearcacht comhlachas*) (C-78/18, EU:C:2020:476, míreanna 110 go 113).

29. Ar an dara dul síos, tuigim, go bhféadfadh sé a bheith aisteach do roinnt breathnóirí, go bhfuil feidhm ag forálacha saorghluaiseachta an Aontais agus ag forálacha iomaíochta araon, b'fhéidir ar bhonn carnach, maidir leis na bearta céanna. Go deimhin, ar a laghad i bprionsabal, baineann na forálacha saorghluaiseachta le srianta ar thrádáil a eascraíonn as idirghabháil Stáit, fad atá rialacha iomaíochta dírithe ar shaobhadh margaidh a eascraíonn as iompar gnóthas príobháideach.³⁸

30. Mar sin féin, is toradh é an staid neamhghnách sin ar an bhfíoras go bhféadfadh údarais (AE agus/nó náisiúnta) i réimsí áirithe a chinneadh staonadh ó rialáil a dhéanamh ar ghnéithe áirithe de ghníomhaíocht eacnamaíoch ar leith, agus é a fhágáil faoi na hoibreoirí margaidh lena mbaineann – ag gníomhú trí chomhlachtaí féinrialaithe, cónaidhmeanna trádála nó comhlachais ionadaíocha – na rialacha riachtanacha a bhunú agus, i gcás inarb iomchuí, iad a fhorfheidhmiú agus na díospóidí féideartha a réiteach.³⁹ Is amhlaidh atá i gcúrsaí spóirt: ní mór comhlacht féinrialaitheach éigin a bheith ann a leagann síos, *inter alia*, rialacha coitianta na spóirt, a chinneann cathain a bheidh na comórtais ar siúl agus a eagraíonn iad. Ní fhéadtar a shamhlú go bhféadfadh Stát nó polaití cosúil leis an Aontas Eorpach cinneadh a dhéanamh ar na *minutiae* de na spóirt éagsúla, amhail sonraí na rialach maidir le bheith as alt na himeartha i sacar, airde na gciseán cispheile nó ar cheart scóráil in eitpheil an córas scórála taobh-amach nó an córas pointí dreasa a leanúint.

31. Sna himthosca sin, dá bhrí sin, is féidir le hoibreoirí margaidh dhá ról a bheith acu: é sin de ghnóthais (ag dul san iomaíocht leis na gnóthais eile atá gníomhach ar an margadh) agus é sin de rialtóir (na rialacha faoina dtarlaíonn an iomaíocht a mhúnlú). Más amhlaidh é sin, is féidir comhoiriúnacht na mbeart arna nglacadh ag na hoibreoirí margaidh sin le dlí an Aontais a scrúdú, i gcás inarb iomchuí, ón bpeirspictíocht dhúbailte de dhlí an mhargaidh inmheánaigh agus dhlí na hiomaíochta.⁴⁰

32. Ar an tríú dul síos, chuir an Chúirt in iúl go soiléir ina breithiúnas in *Superleague* nach foráil í Airteagal 165 CFAE – a bhaineann le gníomh an Aontais Eorpaigh i réimse an spóirt – ar féidir brath uirthi chun bonn cirt a thabhairt le bearta a sháraíonn forálacha an Aontais maidir le saorghluaiseacht nó iomaíocht. Mar sin féin, shonraigh sí freisin go bhféadfaí tréithe sonracha spóirt, a aithnítear in Airteagal 165 CFAE, 'go bhféadfaí na gnéithe sonracha sin a chur san áireamh, i measc eilimintí eile agus a mhéid a bheidh siad ábhartha, agus [forálacha an Aontais maidir le saorghluaiseacht agus iomaíocht] á gcur i bhfeidhm'.⁴¹

33. Ciallaíonn sé sin nach bhféadtar le hAirteagal 165 CFAE, ann féin, a bheith mar bhunús chun eisceacht a agairt ar na forálacha sin de dhlí an Aontais. Mar sin féin, is féidir na leasanna atá cumhdaithe san fhoráil sin a chur san áireamh, ar ndóigh, nuair a chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha eile de dhlí an Aontais lena bhforáiltear díolúintí nó maoluithe: mar shampla, na coinníollacha a bhaineann leis na húdaruithe atá leis na srianta ar shaorghluaiseacht, na cuspóirí dlisteanacha ar mhaithe le leas an phobail chun críocha an chásdlí *Meca-Medina*, nó na cásanna ina bhféadfar díolúine faoi Airteagal 101(3) CFAE a dheonú. Ar ndóigh, más iad sin na luachanna ba cheart don Aontas Eorpach sa réimse seo a chur chun cinn, bheadh sé áiféiseach iad a mheas mar neamhbhainteach, chun críocha dhlí an Aontais, nuair a mheasann cumainn spóirt iad féin amhlaidh.

³⁸ Féach, mar shampla, breithiúnas an 5 Aibreán 1984, *van de Haar agus Kaveka De Meern* (177/82 agus 178/82, EU:C:1984:144, míreanna 11 agus 12).

³⁹ Féach, mar shampla, breithiúnas an 19 Feabhra 2002, *Arduino* (C-35/99, EU:C:2002:97, mír 43).

⁴⁰ Maidir leis an ábhar seo, féach freisin roinnt breithnithe comhlántacha i dTuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar in *FIFA* (C-650/22, EU:C:2024:375, míreanna 31 go 34).

⁴¹ Féach an breithiúnas in *Superleague*, míreanna 95 go 106 agus an cásdlí dá dtagraítear.

34. Tar éis dom an méid thuas a shoiléiriú, is féidir liom míniú a thabhairt anois maidir leis an modheolaíocht a úsáidfídh mé chun m'anailís dhlíthiúil a dhéanamh ar na saincheistanna a ardaítear leis an gceist a tharchuirtear sa chás seo. Tá trí ráiteas agam chuige sin.

B. Réamhbharúlacha (II) – modheolaíoch

35. Ar dtús, sa chás seo iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt treoir a thabhairt maidir le léiriú ar cheithre fhoráil ar leith de dhlí an Aontais, maidir le sraith rialachán réasúnta mionsonraithe arna nglacadh ag comhlachas domhanda spóirt, agus roghnaíodh 14 riail shonracha díobh.

36. I bhfianaise an chomhthéacs dhlíthiúil agus eacnamaíoch sách casta atá mar chúlra do na rialacháin sin, bheinn an-drogallach measúnú soiléir agus críochnaitheach a thabhairt ar chomhoiriúnacht na mbeart sin le dlí an Aontais. Is cosúil domsa gur gá do na páirtithe roinnt gnéithe dlí agus fíoras a shoiléiriú tuilleadh, os comhair na cúirte a rinne an tarchur, chun tuiscint iomlán a fháil ar na sásraí dlíthiúla arna mbunú le FFAR agus ar an tionchar atá acu ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha na n-oibreoirí margaidh lena mbaineann (*in primis*, gníomhairí sacair agus clubanna sacair).

37. I ndáil leis sin, is mian liom a mheabhrú, i gcomhthéacs an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 267 CFAE, atá bunaithe ar dheighilt shoiléir feidhmeanna idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, go bhfuil ról na Cúirte Breithiúnais teoranta, i bprionsabal, do léiriú a thabhairt ar fhorálacha dhlí an Aontais a tharchuirtear. Dá bhrí sin, ní faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, de ghnáth, ach faoin gcúirt a rinne an tarchur, na forálacha sin a chur i bhfeidhm maidir leis an díospóid atá os a comhair.

38. É sin ráite, agus réamhrialú á thabhairt aici, féadfaidh an Chúirt, ar ndóigh, soiléiriú a sholáthar, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil di, atá ceaptha chun treoir a thabhairt don chúirt náisiúnta maidir lena léiriú d'fhonn a chumasú di cinneadh a dhéanamh sa chás atá os a comhair. Maidir leis an bhfíoras go bhfuil an Chúirt sásta, i gcásanna áirithe, a ról faoi Airteagal 267 CFAE a fheidhmiú ar bhealach fairsing, d'fhonn cabhrú leis na cúirteanna a rinne an tarchur a oiread agus is féidir léi, nó toisc go bhfeiceann sí an gá atá le rialú ceannróaíoch a thabhairt, agus dá bhrí sin go dtugann sí freagra atá saincheaptha d'fhíoras an cháis, ní féidir glacadh leis mar chomhartha go ndéanfaidh an Chúirt, gan trácht ar a bheith de dhíth uirthi, é sin de ghnáth.⁴² Chun é a chur ar bhealach difriúil, féadfaidh an Chúirt freagraí a thabhairt ar thoradh cásanna sonracha, ach ní gá di. Mar a mhínítear, is é mo thuairim nach bhfuil an cás seo oiriúnach chun bheith ina 'chás toraidh'.⁴³

39. Ar an dara dul síos, is cosúil domsa, d'fhonn an measúnú dlíthiúil a éascú, gur féidir rialacha amhail iad siúd dá dtagraítear sa cheist a tharchuirtear a ghrúpáil sna cúig chatagóir seo a leanas, bunaithe ar a n-ábhar agus a gcuspóir:

- iad siúd a bhaineann le *luach saothair na ngníomhairí*, amhail an riail maidir le 'caidhp ar tháillí seirbhíse', an riail um 'is é an cliant a íocann', an riail maidir le 'híocaíocht 50 %', an riail maidir le 'ríomh na caidhpe', an riail maidir le 'toimhde', an riail maidir le 'tuarastal a fuarthas iarbhír', agus an riail maidir le 'haistriú amach anseo' (pointí 1, 2, 3, 9, 10, 11 agus 13 den cheist);

⁴² Féach ar mo Thuairim in *KUBERA* (C-144/23, EU:C:2024:522, míreanna 104 agus 105 agus an cásdlí dá dtagraítear).

⁴³ Maidir leis an abairt seo i scoláireacht dlí, féach mar shampla, Tridimas, T., 'Constitutional review of member state action: The virtues and vices of an incomplete jurisdiction', *International Journal of Constitutional Law*, Iml. 9, Eagrán 3-4, 2011, lgh. 737 go 756.

- iad siúd a bhaineann le *ceadúnas* mar ghníomhaire, amhail an riail maidir le ‘comhlíonadh’ agus an riail maidir le ‘ceanglais’ (pointí 4 agus 5 den cheist);
- iad siúd a bhaineann le *hilionadaíocht* (pointí 6 agus 6a den cheist);
- iad siúd a bhaineann le *teagmháil a dhéanamh* (pointe 7 den cheist); agus
- iad siúd a bhaineann le *tíolacadh agus nochtadh faisnéise*, amhail an riail maidir le ‘trédhearcacht’ agus an riail maidir le ‘nochtadh’ (pointí 8 agus 12 den cheist).

40. Ar an tríú dul síos, ar chúiseanna barainneachta breithiúnaí, ní dhéanfaidh mé mórán trácht ar shaincheisteanna atá, i mo thuairimse, sách simplí ar bhonn cásdlí seanbhunaithe. Go háirithe, táim den tuairim nach bhféadtar a mheas go dtagann rialacháin amhail na rialacháin atá i gceist (i) i bhfianaise a n-ábhar, a gcuspóirí agus a n-éifeachtaí ar ghníomhaíocht eacnamaíoch na ngníomhairí, na gclubanna agus na n-imreoirí, faoi réir an ‘eisceacht spóirt’ thuasluaite;⁴⁴ (ii) gur ‘cinntí ó chomhlachais ghnóthas’ iad de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE;⁴⁵ agus (iii) go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar thrádáil laistigh den Aontas Eorpach chun críocha fhorálacha an Aontais maidir le saorghluaiseacht agus iomaíocht.⁴⁶

41. Thairis sin, tá saincheisteanna áirithe atá sách casta a bhfuil cuid de na páirtithe tar éis a ardú ina mbarúlacha, fiú murar ardaíodh iad san iarraidh ar réamhrialú agus/nó nach cosúil go bhfuil tábhacht lárnach ag baint leo chun an díospóid atá ar feitheamh os comhair na cúirte a rinne an tarchur a réiteach. Maidir leis na saincheisteanna sin, cuirfidh mé roinnt breithnithe ar fáil a chreidim a d’fhéadfadh a bheith úsáideach don chúirt a rinne an tarchur, gan dul i mbun plé domhain a rachadh thar raon feidhme an cháis seo, áfach.

42. I bhfianaise na mbreithnithe thuas a dhéanfaidh mé measúnú anois ar chomhoiriúnacht rialachán amhail na cinn atá i gceist le forálacha an Aontais dá dtagraítear sa cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú.

C. Airteagal 101 CFAE

43. Is é Airteagal 101 CFAE an chéad fhoráil a phléann an chúirt a rinne an tarchur ina hordú tarchuir. Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara go bhfuil an chuma ar chuid de rialacha FFAR, *prima facie*, go bhféadfaidís srian a chur le hiomaíocht idir gníomhairí nó idir clubanna sacair agus, dá bhrí sin, is cosúil go dtagann siad faoi raon feidhme na forála sin den Chonradh.

44. Aontaím. Is léir go bhfuil sé de chumas ar roinnt de na rialacha sin (mar shampla, iad siúd maidir le luach saothair nó maidir le ceanglais cheadúnais), i bprionsabal, roinnt éifeachtaí sriantacha a imirt sna margaí ábhartha, rud a chuireann cosc ar ghníomhairí agus/nó ar chlubanna sacair dul san iomaíocht gan bhac ar bhealaí áirithe.

45. Dá réir sin, chun a chinneadh an gcuirtear cosc ar na rialacha sin le hAirteagal 101 CFAE, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur déileáil, go hachomair, leis na saincheisteanna seo a leanas.

⁴⁴ Féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Eanáir 2005, *Piau v an Coimisiún* (T-193/02, EU:T:2005:22, mír 73) (‘an breithiúnas in *Piau*’).

⁴⁵ Féach, *inter alia*, na breithiúnais in *Piau*, míreanna 69 go 75, agus in *FIFA*, míreanna 117 go 120. Féach thuas, mír 16 den Tuairim seo.

⁴⁶ Féach, chuige sin, an breithiúnas in *FIFA*, míreanna 122 agus 123 agus an cásdlí dá dtagraítear.

1. Struchtúr na hanailíse

46. Ar dtús, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur a fháil amach an mbíonn srian ar iomaíocht ‘de réir cuspóra’ mar thoradh ar na rialacha sin. Dá dtiocfadh an chúirt a rinne an tarchur ar an gconclúid gurb amhlaidh atá, ní bheadh uirthi scrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí iarbhir ná féideartha na rialacha sin ar an margadh. Go deimhin, bheadh toirmisc ar na rialacha sin, mura ndíolmhaítear iad faoi Airteagal 101(3) CFAE.

47. I míreanna 23 go 45 de mo Thuairim in *CD Tondela*, phléigh mé an *coinceap* go mion maidir le srianadh ‘de réir cuspóra’ agus an chaoi ar cheart srianadh den sórt sin a shuí (eadhon, na *gnéithe* atá ábhartha don anailís agus don chur chuige atá le glacadh chuige sin). Ar mhaithe le heacnamaíocht bhreithiúnach, cuirfidh mé na sleachta sin in iúl do na léitheoirí.

48. Ar an dara dul síos, mura bhfuil cuspóir frithiomaíoch ag na rialacha atá i gceist, bheadh ar an gcúirt a rinne an tarchur scrúdú a dhéanamh an bhfuil éifeachtaí frithiomaíocha acu in ainneoin sin agus, más amhlaidh go bhfuil, an féidir na héifeachtaí sin a chosaint ar bhonn an ‘chásdlí *Meca-Medina*’.

49. Chun a thabhairt i gcuimhne, is é sin cásdlí na Cúirte a cuireadh i bhfeidhm ansin, de thionscnamh an bhreithiúnas *Wouters*, ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le spórt, ar dtús in *Meca-Medina*, agus ansin dá dtagraítear níos déanaí in *ISU*, *Superleague*, agus *Royal Antwerp* chomh maith le roinnt breithiúnas ina dhiaidh sin.⁴⁷ Go bunúsach, sa chásdlí *Meca-Medina* soiléirítear nach dtagann comhaontuithe lena gcuirtear srian ar shaoirse gníomhaíochta na ngnóthas lena mbaineann faoin toirmeasc atá leagtha síos in Airteagal 101(1) CFAE má: (i) tá údar maith leo mar gheall ar chuspóir dlisteanach amháin nó níos mó a shaothrú ar mhaithe le leas an phobail nach bhfuil frithiomaíoch *per se*; (ii) tá na modhanna sonracha a úsáidtear chun na cuspóirí sin a shaothrú fíor-riachtanach chun na críche sin; agus, (iii) fiú má chruthaítear go bhfuil sé d’éifeacht bhunúsach ag na modhanna sin, iomaíocht a shrianadh nó a shaobhadh, fiú ar a laghad, ní théann an éifeacht bhunúsach sin thar a bhfuil riachtanach, go háirithe trí iomaíocht a dhíothú.

50. I míreanna 21 go 53 de mo Thuairim in *ROGON*, phléigh mé go mion bunús, loighic agus raon feidhme an chásdlí sin. Ar mhaithe le heacnamaíocht bhreithiúnach, cuirfidh mé na sleachta sin in iúl do na léitheoirí freisin maidir leis an ábhar seo.

51. Ar an tríú dul síos, más srian ‘de réir cuspóra’ atá sna rialacha atá i gceist nó, mar mhalairt air sin, mura féidir iad a chosaint ar bhonn an chásdlí *Meca-Medina*, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur a chinneadh an bhféadfadh na rialacha sin tairbhe a bhaint as *diólúine* faoi Airteagal 101(3) CFAE. De réir na forála sin, féadfar a dhearbhuí nach bhfuil an toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 101(1) CFAE infheidhme i gcás cineálacha iompair a chuireann le feabhas a chur ar tháirgeadh nó ar dháileadh earraí nó le dul chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch, agus sciár cothrom den tairbhe a eascraíonn as sin á cheadú do thomhaltóirí, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

52. Mar a shonraítear i míreanna 35 go 37 thuas, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé na measúnuithe sin a dhéanamh. Mar sin féin, d’fhonn cabhrú leis an gcúirt sin, pléfidh mé gach ceann de na céimeanna sin den anailís, maidir leis na rialacha atá i gceist.

⁴⁷ Féach breithiúnais an 18 Eanáir 2024, *Lietuvos notary rūmai agus páirtithe eile* (C-128/21, EU:C:2024:49, míreanna 97 go 105), agus an 25 Eanáir 2024, *Em akaunt BG* (C-438/22, EU:C:2024:71, míreanna 21 go 35 agus 42 go 54).

2. Na rialacha maidir le luach saothair na ngníomhairí

53. Leis na cúig riail maidir le luach saothair na ngníomhairí dá dtagraítear san ordú tarchuir, bunaítear, go bunúsach, córas trína ndéantar an méid seo a leanas: (i) i gcás seirbhísí a bhaineann le haistriú na n-imreoirí, ní féidir luach saothair a thabhairt do ghníomhairí os cionn uasteorainn a ríomhtar mar chéatadán den táille aistrithe nó den tuarastal bliantúil a íoctar leis an imreoir i ndáiríre; (ii) níor cheart ach do na himreoirí nó na clubanna a fhostaíonn iad luach saothair a thabhairt dóibh; (iii) ní féidir le clubanna níos mó ná 50 % den luach saothair iomlán atá dlite ón imreoir agus ón gclub a íoc i gcás ina ngníomhaíonn gníomhaire thar ceann an chlub fhostaithe agus an imreora; (iv) toimhdítear (*iuris tantum*) gur cuid de na príomhsheirbhísí seirbhísí eile arna soláthar ag an ngníomhaire céanna nó ag gníomhaire bainteach, sna 24 mhí roimh sholáthar na bpríomhsheirbhísí nó ina dhiaidh sin, agus, dá bhrí sin, gur cuid den luach saothair a íoctar as príomhsheirbhísí an ghníomhaire an luach saothair as na seirbhísí eile.

54. Caithfidh mé a rá, ón tús, go bhféadfadh gurb iad na rialacha a bhaineann le luach saothair na ngníomhairí na rialacha a bhfuil an anailís is cúramaí agus is doimhne ag teastáil uathu ón gcúirt a rinne an tarchur. Míneoidh mé anois cén fáth.

55. Sa chéad áit, scrúdóidh mé an ceart na rialacha atá i gceist a mheas mar rialacha sriantacha ‘de réir cuspóra’ de réir bhrí Airteagal 101 CFAE.

56. Is eol go maith go meastar go ginearálta gur cuid de na comhaontuithe is díobhálaí ó thaobh na hiomaíochta de iad comhaontuithe idir iomaitheoirí⁴⁸ a bhaineann le praghsanna. Mar sin féin, seachas an fíoras follasach – mar a léirítear go maith i gcásanna ar nós *DLG*, *Budapest Bank* agus *Super Bock*⁴⁹ – fiú nuair a thagann comhaontú faoin gcatagóir sin (sách leathan), is gá measúnú sonrach a dhéanamh air i bhfianaise a ábhair, a chomhthéacs dhlíthiúil agus eacnamaíoch agus a chuspóirí chun go n-aicmeofar é mar chomhaontú frithiomaíoch, sa chás seo tá níos mó le breithniú. Go deimhin, cé go bhféadfadh tionchar dúbailte a bheith ag na rialacha atá i gceist, ar iomaíocht idir gníomhairí agus ar iomaíocht idir clubanna sacair, níl cineál ná méid an tionchair sin soiléir i gceachtar cás. Tá roinnt cúiseanna ann le tacú leis an dearcadh sin.

57. Ar dtús báire, is ar éigean is gá dom a chur in iúl nach bhféadtar comhaontuithe maidir le praghsanna idir iomaitheoirí a mheas mar chatagóir atá sách aonchineálach chun críocha Airteagal 101(1) CFAE.⁵⁰ Bheadh catagóiriú den sórt sin i bhfad ró-leathan agus chuimsíodh sé réimse comhaontuithe nach bhfuil a n-éifeachtaí ar an iomaíocht cosúil ar chor ar bith. Chuige sin, tá sé tábhachtach a chur i bhfios nach mbunaítear ná nach moltar sna rialacha atá i gceist *socráithe* praghsanna nó *íosmhéid* praghsanna ná nach mbaineann siad leo ar aon nós.⁵¹ Go deimhin, tugtar isteach leo sásra a théann i bhfeidhm ar ríomh an ráta *uasta* táillí a fhéadfaidh gníomhairí a ghearradh as cineálacha áirithe seirbhísí.

⁴⁸ Maidir leis an téarma ‘comhaontuithe’, tagróidh mé do gach cineál iompair a chuimsítear le hAirteagal 101 CFAE: ‘gach comhaontú idir gnóthais, gach cinneadh ag comhlachais gnóthas agus gach cleachtas comhbheartaithe’.

⁴⁹ Breithiúnais an 15 Nollaig 1994, *DLG* (C-250/92, EU:C:1994:413); an 2 Aibreán 2020, *Budapest Bank agus páirtithe eile* (C-228/18, EU:C:2020:265); agus an 29 Meitheamh 2023, *Super Bock Bebidas* (C-211/22, EU:C:2023:529).

⁵⁰ Féach, chuige sin, míreanna 41 agus 42 de mo Thuairim in *CD Tondela*.

⁵¹ Maidir leis na comhaontuithe sin, féach *inter alia* breithiúnais an 18 Eanáir 2024, *Lietuvos notary rūmai agus páirtithe eile* (C-128/21, EU:C:2024:49, mír 91 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus an 25 Eanáir 2024, *Em akaunt BG* (C-438/22, EU:C:2024:71, míreanna 50 go mír 53).

58. Is gné thábhachtach í sin. Go háirithe, níl an dochar do thomhaltóirí chomh soiléir sin, ós rud é go bhfuil iomaíocht i measc gníomhairí trí phraghsanna a laghdú (ceann de na foirmeacha is éifeachtaí de sin, gan dabht) fós an-fhéideartha.⁵² Sa bhreis air sin, d'fhéadfadh córas lenar féidir na táillí uasta atá dlite as seirbhís ar leith a ríomh, i gcásanna áirithe, réiteach a fháil ar chás ina bhfuil neamhshiméadracht shuntasach saineolais agus faisnéise idir na páirtithe i gcomhaontú seirbhíse casta.⁵³ I ndáiríre, feicim go bhfuil cleachtas riaracháin agus breithiúnach⁵⁴ chomh maith le scoláireacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch⁵⁵ measctha maidir le cineál díobhálach ó dhúchas de chomhaontuithe a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna uasta.

59. Is fíor go bhféadfadh cásanna a bheith ann ina bhféadfadh comhaontú den chineál sin a bheith ina gcúis go gcuirfeadh an soláthraí seirbhíse teorainn lena aschur agus/nó lena infheistíocht sa taighde, sa nuálaíocht nó i bhfeabhsú cáilíochta. Ina theannta sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh comhaontuithe maidir le huasphraghsanna a bheith mar chúis *de facto* le claonpháirteachas (sainráite nó intuigthe) maidir le praghsanna íosta nó seasta. Mar sin féin, ní fhéadtar toimhde a dhéanamh gur dócha go dtarlóidh na cásanna sin i bhformhór na gcásanna, gan trácht ar gach cás. Sa chás seo, ní fheicim aon ghné sa cháschomhad a d'fhéadfadh, ag an gcéim seo, tacú le toradh den sórt sin i leith gníomhairí.

60. Ina theannta sin, bheadh drogall orm freisin aontú le tuairim an Choimisiúin gur ionann na rialacha sin agus 'cairtéal ceannaitheoirí' ar thaobh clubanna sacair. Chun bheith soiléir: Ar ndóigh, ní chuirim i gcoinne go bhféadfadh cuspóir frithiomaíoch a bheith ag comhaontuithe áirithe idir iomaitheoirí a bhfuil cumhacht shuntasach margaidh acu, agus a chinneann comhoibriú a dhéanamh chun dúshaothrú a dhéanamh ar a gcuid soláthróirí (de ghnáth,

⁵² Ó thaobh leasa atá dírithe ar an tomhaltóir amháin de, d'fhéadfadh rialacha maidir le praghsanna uasta ar mhargaí réamhtheachtacha a bheith tairbheach fiú ós rud é go bhféadfadh iomaíocht i ndáil le táirgí nó seirbhísí a thairiscint faoi bhun an uasmhéid costais fhoriomlána an táirge nó na seirbhíse a thairgtear go hiartheachtach a laghdú. *In casu*, trí tháillí gníomhairí níos ísle a thabhtú, d'fhéadfadh clubanna sacair níos mó acmhainní a leithdháileadh go hipitéiseach ar réimsí eile, agus coigilteas a dhéanamh a d'fhéadfai a chur ar aghaidh go páirteach chuig tomhaltóirí (mar shampla, trí phraghsanna ticéad do chluichí a laghdú). I ndáil leis sin, tugaim faoi deara gur scríobh an Coimisiún ina Chumarsáid – Tuarascáil ar iomaíocht i seirbhísí gairmiúla (COM/2004/83 final): (i) 'is iad praghsanna seasta nó íosphraghsanna na hionstraimí rialála ar dócha go mbeidh na héifeachtaí is díobhálaí acu ar an iomaíocht, lena ndéantar na tairbhí a sholáthraíonn margaí iomaíocha do thomhaltóirí a dhíothú nó a laghdú go mór' (mír 31); agus (ii) 'd'fhéadfadh praghsanna uasta tomhaltóirí a chosaint ar mhuirir iomarcacha i margaí ina bhfuil bacainní arda iontrála agus easpa iomaíochta éifeachtaí. Mar sin féin, ní cosúil go bhfuil sé sin fíor i gcás fhormhór na ngairmeacha san Aontas' (pointe 35). Béim curtha leis.

⁵³ Féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Iúil 2019, *an Coimisiún v an Ghearmáin* (C-377/17, EU:C:2019:562, míreanna 77, 80 agus 94); agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Mazák in *an Coimisiún v an Iodáil* (C-565/08, EU:C:2010:403, mír 34).

⁵⁴ Is díol spéise ar leith dom roinnt cásdlí ó chúirteanna na Stát Aontaithe. Mar shampla, in *State Oil Co. v Khan* (522 U.S. 3, 1997), chinn Cúirt Uachtarach na Stát Aontaithe, agus fasaigh roimhe sin á gcur ar ceal aici, go bunúsach, nár cheart caitheamh le huas-socrú praghsanna amhail is a bhfuil siad neamhdhleathach *per se*, agus gur cheart, dá bhrí sin, meastóireacht a dhéanamh air faoi 'riail an réasúin', agus is éard atá i gceist leis sin ná anailís a dhéanamh ar éifeachtaí iomaíocha iarbhir an chleachtais ina chomhthéacs margaidh speisialta. Ina theannta sin, i gcás *NCAA v Alston agus páirtithe eile* (375, F. Supp.3d 1058, an Chúirt Dúiche, 2019), rinne United States Court of Appeals for the Ninth Circuit (Cúirt Achomhairc na Stát Aontaithe don Naoú Cuarda, scrúdú ar na teorainneacha cúitimh a thug an Cumann Náisiúnta Lúthchleasaíochta Coláisteach isteach do mhic léinn-lúthchleasaithe, a raibh ar a bhallscioleanna iad a fhorfheidhmiú. Dá bhrí sin, socraíodh leis na rialacha an praghas ar mhargadh saothair ar thaobh an cheannaitheora, rud a laghdaigh cúiteamh do roinnt lúthchleasaithe mac léinn ar a laghad faoi bhun an mhéid a bheadh ina thoradh i margadh iomaíoch. Mar sin féin, scrúdaigh an chúirt sin na srianta faoi riail an réasúin, ar an bhforas, *inter alia*, go raibh gá le leibhéal áirithe comhair sa mhargadh ábhartha. Dheimhnigh Cúirt Uachtarach na Stát Aontaithe breithiúnas na cúirte dúiche ina Tuairim an 21 Meitheamh 2021 (141 S. Ct. 2141 (2021)). Maidir leis an Tuairim sin, féach mo Thuairim in *ROGON*, fonóta 61.

⁵⁵ Féach, le tagairtí breise, Easterbrook, FH, 'Maximum price fixing', *The University of Chicago Law Review*, Iml. 48(4), 1981, lgh. 886 go 910, agus Whish, R. agus Bailey, D., 'Horizontal Guidelines on purchasing agreements: 'Delineation between by object and effect restrictions – Final Report', arna foilsiú ag an gCoimisiún Eorpach in 2022.

soláthróirí níos lú nó níos laige ó thaobh airgeadais de). Leanann sé sin ó fhocláíocht Airteagail 101 agus 102 CFAE.⁵⁶ Is cosúil go dtacaíonn cásdlí seanbhunaithe ó Chúirteanna an Aontais⁵⁷ agus ó chúirteanna coigríche leis an dearcadh sin.⁵⁸

61. Mar sin féin, arís eile, ní gá gurb amhlaidh atá i bhformhór na gcásanna. Déanta na fírinne, i roinnt imthosca, mheas an ‘pobal frith-iontaobhais’ (más féidir liom an nath sin a úsáid) go bhfuil comhaontuithe ceannaitheoirí ‘tairbheach don tsochaí [amhail nuair a cheadaítear le] socruithe comhcheannaigh idir ceannaitheoirí níos lú dóibh leas a bhaint as coigilteas costais a chuireann siad ar aghaidh chuig tomhaltóirí trí phraghsanna níos ísle’.⁵⁹ Ar bhealach níos ginearálta, taifeadadh i nóta le déanaí ó ECFE ar an ábhar seo ‘amhras áirithe [ag na forfheidhmitheoirí] go ndéanann [cumhacht ceannaigh] dochar do thomhaltóirí nó d’éifeachtúlacht eacnamaíoch’, ‘go n-áitítear uaireanta go bhfuil cumhacht ceannaigh ar son na hiomaíochta, go háirithe i gcomhthéacs rialú cumasc’, agus ‘go bhfuil an leibhéal cuí forfheidhmithe i gcoinne cumhacht ceannaigh á phlé faoi láthair’.⁶⁰

62. Níos tábhachtaí fós, is comhaontú é an ‘cairtéal ceannaitheoirí’ tipiciúil – ar a laghad an ceann a mheasann an Coimisiún a bheith ina shrian de réir cuspóra – a bhfuil sé mar aidhm aige soláthraithe a ‘bhrú’, a dhéanann idirbheartaíocht ina n-aonar leis na ceannaitheoirí éagsúla, agus nach mbíonn ar an eolas go ginearálta nach ndéantar na caibidlíochtaí go neamhspleách agus de mheon macánta, ach go ndearnadh iad a rigeáil trí chlaonpháirteachas ar thaobh na gceannaitheoirí.⁶¹ Sa chás seo, tá na rialacha atá i gceist poiblí agus trédhearcach, agus ní cosúil go bhfuil sé beartaithe leo na caibidlíochtaí aonair a tharlaíonn sa mhargadh a lagú. Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil na rialacha atá i gceist, go pointe áirithe, níos gaire do ‘shocrú comhcheannaigh’ tipiciúil, ina gcuirtear ‘in iúl go soiléir do sholáthraithe go ndéantar na caibidlíochtaí thar ceann a gcomhaltaí agus go mbeidh na comhaltaí faoi cheangal ag na téarmaí agus coinníollacha comhaontaithe dá gceannacháin aonair’.⁶² Go deimhin, de réir mar a thuigim, d’éist FIFA le roinnt gníomhairí agus comhlachais gníomhairí sa phróiseas ba shiocair le glacadh FFAR. Ag brath ar chúinsí sonracha an cháis, d’fhéadfaí go mbeadh nó nach mbeadh fadhbanna ag baint le socruithe comhcheannaigh faoi dhlí na hiomaíochta.⁶³

⁵⁶ In Airteagal 101(1)(a) agus (c) CFAE, tagraítear, mar shamplaí de chineálacha comhaontuithe atá toirmiscthe, iad siúd lena ndéantar ‘praghsanna ceannaithe nó díolta nó aon choinníollacha eile trádála a shocrú, go díreach nó go hindíreach’ agus iad siúd lena ndéantar ‘margaí nó foinsí soláthair a pháirtiú’. Dá réir sin, áirítear ar mhí-úsáidí faoi Airteagal 102 CFAE, go háirithe, ‘praghsanna míchóra ceannaithe nó díolta nó coinníollacha míchóra eile trádála a fhorchur, go díreach nó go hindíreach’. Béim curtha leis.

⁵⁷ Féach, mar shampla, breithiúnais an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus páirtithe eile* (C-8/08, EU:C:2009:343, mír 37), agus an 7 Samhain 2019, *Campine agus Campine Recycling v an Coimisiún* (T-240/17, EU:T:2019:778, mír 297).

⁵⁸ Féach, gan ach sampla amháin a lua, Cúirt Uachtarach na Stát Aontaithe, *Mandeville Island Farms, Inc. v American Crystal Sugar Co.*, 334 SAM 219 (1948).

⁵⁹ Féach, ECFE, ‘Purchasing power and buyers’ cartels’ – OECD competition policy roundtable background note, Páras, 2022, lgh. 6 agus 7.

⁶⁰ *Ibid.* Féach freisin ECFE, ‘Purchasing power and buyers cartels – Summaries of contributions’, Páras, 20 Meitheamh 2022, agus Khemani, R.S., Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt, ‘Application of competition law: Exemptions and exceptions’, 2002, lch. 29.

⁶¹ Sa chomhthéacs sin, tugaim faoi deara, gur rialaigh cúirteanna na Stát Aontaithe go ginearálta nár cheart sraitheanna spóirt a mheas mar ‘chairtéil’. Tá tuairimí measctha i scoláireacht na Stát Aontaithe, áfach, maidir leis an mbealach is áisiúla ar cheart gníomhartha cumainn spóirt a bhreithniú faoi dhlí frith-iontaobhais. Cf. tagairtí don chásdlí agus don saol acadúil, Roberts, G.R., ‘The antitrust status of sports leagues revisited’, *Tulane Law Review*, Iml. 64, Eagrán 1, 1989, lch. 117; Ross, S.F., Szymanski, S., ‘Antitrust and inefficient joint ventures: Why sports leagues should look more like McDonald’s and less like the United Nations’, *Marquette Sports Law Review*, Iml. 16, Eagrán 2, 2006, lch. 213; agus Dabscheck, B., ‘The sporting cartel in history’, *Sport in History*, Iml. 28, Eagrán 2, 2008, lch. 329.

⁶² Teachtaireacht ón gCoimisiún, Treoirínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 [CFAE] maidir le comhaontuithe chothrománacha comhair (IO 2023 C 259, lch. 1), míreanna 278 go 304.

⁶³ Féach breithiúnas an 15 Nollaig 1994, *DLG* (C-250/92, EU:C:1994:413, míreanna 28 go 45).

63. Thairis sin – agus tá sé seo thar a bheith tábhachtach domsa – ní leagtar síos leis na rialacha atá i gceist aon uasleibhéal ceangailteach táillí ar leith. Déanta na fírinne, níl aon uasteorainn shonraithe ann nach féidir le táillí na ngníomhairí a shárú. Ní cheanglaítear leis na rialacha atá i gceist ach go mbeadh na táillí nasctha le costas an aistrithe nó le tuarastal an imreora a fhaigheann cúnamh ón ngníomhaire, trí uasteorainn chéatadáin air sin. Ach, a mhéid nach bhfuil aon uasmhéid ann maidir leis an dá pharaiméadar sin, agus gur féidir le clubanna sacair dul san iomaíocht chun imreoirí nua a chlárú, agus go ndéanann siad amhlaidh, trí tháillí aistrithe níos airde a thairiscint do na clubanna a scaoileann imreoirí nua agus tuarastail níos airde do na himreoirí atá i gceist, is féidir le táillí na ngníomhairí freisin, dá bharr sin, méadú gan aon uasteorainn a bheith mar shrian. Sin é an fáth, sna himeachtaí seo, gur thagair páirtithe áirithe don uasteorainn a leagtar amach in FFAR mar uasphraghas *dinimiciúil*.

64. Dá réir sin, sílim nach bhféadtar na rialacha atá i gceist a mheas go héasca mar rialacha sriantacha ó thaobh cuspóra de, trí iad a cheangal le catagóir éigin comhaontaithe a mheastar go ginearálta, bunaithe ar thaithí, a bheith díobhálach ó nádúr don iomaíocht. Bheadh gá, do chinneadh den sórt sin, le hanailís níos doimhne ar shonraíochtaí na rialacha, an comhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch ina bhfeidhmíonn siad agus – ar deireadh ach ní ar a laghad – na cuspóirí céanna atá á saothrú leis na rialacha sin.⁶⁴ Dá mbeadh doiciméid ábhartha (phoiblí nó inmheánacha) ó FIFA nó óna bhaill ar fáil, b'fhéidir go dtabharfaí leo sin léargas níos fearr ar réasúnaíocht eacnamaíoch na rialacha atá i gceist agus ar an rún suibhiachtúil atá á shaothrú leo.⁶⁵ Go háirithe, is cosúil go mbeadh fadhbanna *prima facie* ag baint le cuspóir chun táillí a sheachaint a mheasann FIFA nó a chomhaltaí a bheith éagórach nó míréasúnta⁶⁶ ina n-aonar. I gcodarsnacht leis sin, dá mbeadh sé mar fhíoraidhm ag gníomhairí coinbhleachtaí leasa nó mí-úsáid a sheachaint, is iondúil go n-eisiafaí cuspóir frithiomaíoch.

65. Maidir le *héifeachtaí* iarbhir nó féideartha na rialacha sin, is é mo réamhthuairim nach bhféadtar roinnt éifeachtaí ar iomaíocht idir-chlubanna agus/nó idirghníomhairí a eisiamh. Bheadh ar an gcúirt a rinne an tarchur anailís *fhriothfhíorasach* a dhéanamh, mar sin: go bunúsach, measúnú a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh an iomaíocht idir gníomhairí agus/nó idir clubanna sacair níos déine in éagmais na rialacha atá i gceist. I bhfocail eile, an gcuirtear teorainn shuntasach leis na rialacha sin le cumas agus dreasacht na n-oibreoirí margaidh sin dul san iomaíocht i gcoinne a n-iomaitheoirí?

66. Maidir le hiomaíocht idir ghníomhairí, b'fhéidir gur mhian leis an gcúirt sin a sheiceáil, go háirithe, an dócha, mar gheall ar na rialacha atá i gceist, go bhféadfaí líon suntasach gníomhairí a spreagadh chun a gcuid seirbhísí a theorannú (mar shampla, gan ionadaíocht a dhéanamh ar imreoirí nach bhfuil sách brabúsach mar gheall ar tháille aistrithe nó luach saothair níos ísle) nó infheistíocht i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a d'fhéadfadh a bheith ábhartha dá ngairm a laghdú. Sa chomhthéacs seo, ceapaim go bhfuil sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne nach bhfuil feidhm ag na rialacha atá i gceist ach maidir le cineál amháin seirbhíse a sholáthraíonn gníomhairí. Go deimhin, is féidir luach saothair as na seirbhísí a bhaineann le gníomhaíochtaí eile comhairliúcháin agus ionadaíochta atá le soláthar ag na gníomhairí a chaibidliú gan bhac idir an dá pháirtí ós rud é go dtagann sé lasmuigh de raon feidhme FFAR. Ní cosúil domsa gurb ionann riail na toimhdean atá leagtha amach in Airteagal 15(3) agus (4) agus aon fhíorbhac ina leith sin ós rud é, i bhfianaise na mínithe a thug FIFA, gur cosúil gur féidir í a fhrisnéis go héasca.

⁶⁴ Féach ar mo Thuairim in *CD Tondela*, míreanna 43 go 45.

⁶⁵ *Ibid.*, míreanna 29 agus 38.

⁶⁶ Féach, chuige sin, Airteagal 1(2)(b) de FFAR.

67. Maidir le hiomaíocht idir clubanna sacair, b'fhéidir gur mhian leis an gcúirt a rinne an tarchur a mheas na gnéithe a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar an iomaíocht é an fíoras, mar gheall ar na rialacha atá i gceist, nach bhfuil clubanna ábalta, mar shampla, (i) táillí níos airde a thairiscint do ghníomhaire an imreora, nó (ii) má oibríonn an gníomhaire thar ceann an chlub agus an imreora araon, sciar de na táillí os cionn 50 % a íoc.⁶⁷

68. Dá mbeadh an chúirt sin den tuairim go bhféadfadh éifeacht fhrithiomaíoch iarbhír nó fhéideartha a bheith ag na rialacha sin ar iomaíocht idir chlubanna agus/nó idir gníomhairí, bheadh uirthi a sheiceáil an bhféadfaí bonn cirt a thabhairt leo ar bhonn an chásdlí *Meca-Medina*. Go deimhin, ar na cúiseanna a mhínigh mé i mo Thuairim in *ROGON*, táim den tuairim gur cheart comhlachas spóirt náisiúnta nó idirnáisiúnta (amhail FIFA) a mheas, i bprionsabal, a bheith i dteideal rialacháin a ghlacadh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ghníomhaíochtaí gníomhairí, ar choinníoll go bhfuil cuspóir ar mhaithe le leas an phobail á shaothrú acu.⁶⁸ É sin ráite, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur scrúdú a dhéanamh, ar ndóigh, an bhfuil na coinníollacha atá leagtha síos sa chásdlí sin comhlíonta, sa chás seo, i gcás gach rialach nó sraith rialacha.

69. Faoin gcéad chéim den tástáil, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú, go háirithe, cad iad na cuspóirí sonracha atá á saothrú ag na rialacha atá i gceist i ndáiríre, agus an bhfuil cosaint tuillte ag na cuspóirí sin faoi dhlí an Aontais. Maidir leis sin, ní mór dom a thabhairt faoi deara, sna himeachtaí seo, go bhfuil FIFA ag tagairt do réimse leathan leasanna mar leasanna a líomhnaítear a bheith cosanta ag FFAR. Ach is é an rud is tábhachtaí, áfach, ná an rannchuidiú iarbhír a thugtar le gach riail nó sraith rialacha do chosaint leasanna sonracha amháin nó níos mó i measc iad siúd arna n-agairt.

70. Sa bhreis air sin, cé go dtagann cuid de na leasanna a agraítear faoi choincheap na 'cuspóirí dlisteanacha chun leasa an phobail', níl an pictiúr chomh soiléir sin, dar liomsa, i gcás leasanna eile. Ní féidir le leas eacnamaíoch oibreoirí an mhargaidh amháin (an comhlachas féin, na clubanna sacair, na lúthchleasaithe nó na gníomhairí), ina aonar, údar a thabhairt le haon srianta iomaíochta faoin gcásdlí *Meca-Medina*. Ní mór go mbeadh roinnt leas neamheacnamaíoch *poiblí* ann atá i gcomhthráth le leas eacnamaíoch príobháideach oibreoirí an mhargaidh, nó atá faoi chosaint i gcomhar leis an leas eacnamaíoch príobháideach sin. Mar shampla, is cinnte gur cuspóir ar mhaithe le leas an phobail é sláinte na lúthchleasaithe a chaomhnú, nó cleachtais mhí-úsáideacha, chalaoiseacha nó neamheiticíúla (lena n-áirítear coimhlint leasa) a chosc i leith na lúthchleasaithe (go háirithe na lúthchleasaithe óga).

71. Ina theannta sin, a mhéid a chuirtear ar chumas an 'éiceachórais' spóirt feidhmiú i gcomhréir leis na prionsabail atá cumhdaithe in Airteagal 165 CFAE leis na leasanna a líomhnaítear a bheith cosanta, féadtar cuspóir leasa phoiblí a aithint freisin. Mar shampla, d'fhéadfadh caomhnú cobhsaíochta conarthaí, in imthosca áirithe, a bheith ar cheann de na cuspóirí sin.⁶⁹ Mar sin féin, is dócha go mbeadh míniú mionsonraithe ag teastáil uaim maidir le cén fáth ar cheart cuspóirí atá ceaptha go doiléir (amhail 'caighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn gníomhairí imreoirí dá gcliaint a

⁶⁷ Ba chóir dom a chur leis, má tá sé mar aidhm ag rialacha den sórt sin a áirithiú go ngníomhaíonn gníomhairí ar mhaithe le leas a gcliaint, agus coinbhleachtaí leasa á seachaint acu, go bhféadfadh údar maith a bheith leis na rialacha sin faoin gcásdlí *Meca-Medina* nó a bheith díolmhaithe faoi Airteagal 101(3) CFAE. Féach tuilleadh thíos.

⁶⁸ Féach míreanna 56 go 74 den Tuairim sin.

⁶⁹ Féach an breithiúnas in *FIFA*, míreanna 100 go 102 agus an cásdlí dá dtagraítear.

áirithiú'), nó a bhféadfadh fadhbanna a bheith ag baint leo i dtéarmaí áirithe (amhail 'trédhearcacht airgeadais agus riaracháin a fheabhsú'),⁷⁰ a aithint mar chuspóirí atá ar mhaithe le leas an *phobail*.

72. Faoi dara céim den tástáil, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú, go háirithe, an raibh na rialacha atá i gceist fíor-riachtanach chun an leas poiblí arna agairt a chosaint. Ciallaíonn sé sin seiceáil a dhéanamh, den chuid is mó, ar thrí ghné a bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile, eadhon (i) ar glacadh na rialacha atá i gceist mar fhreagairt ar *riachtanas oibiachtúil* chun cuspóirí áirithe a shaothrú; (ii) an léiriú *dáiríre* iad na rialacha atá i gceist ar ábhar imní chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí sin ar bhealach comhleanúnach; agus (iii) an bhfuil siad *oiriúnach* chun na cuspóirí sin a bhaint amach, rud a chiallaíonn go ndealraíonn sé go bhfuil an cumas orthu rannchuidiú go suntasach lena mbaint amach.

73. Chun sampla a thabhairt, dá mba rud é go mbeadh na rialacha atá i gceist riachtanach go *réasúnta*⁷¹ chun a áirithiú go soláthraíonn na gníomhairí a gcuid seirbhísí ar mhaithe le leas a gcliant (agus dá bhrí sin nach mbíonn tionchar míchuí ag tairiscintí atá spéisiúil ó thaobh airgeadais de dóibh ach nach bhfuil chun leasa a gcliant), nó chun cothrom na Féinne a áirithiú go pointe áirithe idir foirne agus imreoirí nua á síniú (agus cumhacht iomarcach 'ceannaitheora' na bhfoirne is saibhre á seachaint), bheadh na rialacha atá i gceist inghlactha, i mo thuairimse. Ní hamhlaidh atá, ar ndóigh, má tá na rialacha sin dírithe, ar an gcéad dul síos, ar theorainn a chur ar na costais a chaithfidh clubanna a íoc i ndáil le seirbhísí gníomhairí.

74. Agus an tríú céim agus an chéim dheiridh de thástáil Meca-Medina á gcur i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gcúirt a rinne an tarchur díriú, go háirithe, ar dhá ghné, eadhon cé acu (i) an bhfuil bearta eile ann nach bhfuil chomh sriantach céanna ar an iomaíocht, cé go bhfuil siad in ann an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach freisin; agus (ii) an bhfuil tionchar iomarcach ag na rialacha atá i gceist ar shaoirsí eacnamaíocha na ngníomhairí.

75. Más rud é go mbeidh an chúirt a rinne an tarchur den tuairim go bhfuil cuspóir frithiomaíoch ag na rialacha atá i gceist, nó go bhfuil éifeachtaí sriantacha acu agus nach gcomhlíontar an tástáil *Meca-Medina* leo, ansin tagann an cheist chun cinn maidir le cibé an féidir díolúine faoi Airteagal 101(3) CFAE a dheonú i leith cuid de na rialacha sin nó iad go léir. De bhun Airteagal 101(3) CFAE, ní mór ceithre choinníoll *charnacha* a chomhlíonadh.⁷²

76. Ar an gcéad dul síos, ní mór a léiriú, le leibhéal leordhóthanach dóchúlachta, go bhfágann an comhaontú atá i gceist gur féidir *gnóthachain éifeachtúlachta* a bhaint amach, trí rannchuidiú le feabhas a chur ar tháirgeadh nó ar dháileadh na dtáirgí nó na seirbhísí lena mbaineann, nó trí dhul chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn. Ar an dara dul síos, ní mór a shuí, a mhéid céanna, go bhfuil cion cothrom den tairbhe a eascraíonn as na gnóthachain éifeachtúlachta sin forchoimeádta d'úsáideoirí. Ar an tríú dul síos, níor cheart don chomhaontú atá i gceist srianta nach bhfuil riachtanach chun na gnóthachain éifeachtúlachta sin a bhaint amach a fhorchur ar na gnóthais rannpháirteacha. Ar an gceathrú dul síos, níor cheart an deis a thabhairt leis an gcomhaontú sin do na gnóthais rannpháirteacha gach iomaíocht éifeachtach a dhíchur i gcás cuid shuntasach de na táirgí nó na seirbhísí lena mbaineann.

77. Ós rud é nach n-ardaíonn an chúirt a rinne an tarchur aon saincheist shonrach faoi Airteagal 101(3) CFAE, pléfidh mé é go hachomair, trí dhá bharúil a thabhairt.

⁷⁰ Féach, ina leith sin, mír 171 thíos.

⁷¹ Féach, chuige sin, mo Thuairim in *ROGON*, míreanna 35 go 37.

⁷² Féach, *inter alia*, an breithiúnas in *FIFA*, míreanna 154 agus 155 agus an cásdlí dá dtagraítear.

78. Baineann mo chéad bharúil leis na coinníollacha éagsúla a chaithfidh comhaontú a chomhlíonadh faoin gcásdlí *Meca-Medina* agus faoi Airteagal 101(3) CFAE. Bheadh plé fada ag teastáil chun plé iomlán a dhéanamh ar an ábhar suimiúil, cé go mbeadh sé casta, agus is cosúil nach bhfuil gá leis sa chás seo. Mar sin, ní roinnfidh mé ach na smaointe seo a leanas.

79. Ar thaobh amháin, tá raon feidhme ábhartha chásdlí *Meca-Medina* níos cúinge ná raon feidhme Airteagal 101(3) CFAE: cé go bhféadtar bonn cirt a bheith le comhaontú faoin gcásdlí sin ach amháin a mhéid a shaothraítear *cuspoir dlisteanach leis ar mhaithe le leas an phobail* agus a chomhaontaítear é laistigh de chomhlachas gairmiúil nó spóirt a bhfuil a ngníomhaíochtaí féinrialála aitheanta ag na húdaráis phoiblí, níl na ceanglais sin le feiceáil in Airteagal 101(3) CFAE. Dá bhrí sin, tá an fhoráil sin infheidhme freisin maidir le comhaontuithe idir gnóthais nach bhfuil ach cuspoirí de chineál eacnamaíoch agus príobháideach á saothrú acu.⁷³

80. Is é sin an fáth, ar an taobh eile, go bhfuil coinníollacha níos déine le comhlíonadh faoi Airteagal 101(3) CFAE, agus go bhfuil na ceanglais fhianaiseacha ghaolmhara, i roinnt cásanna, níos airde.⁷⁴ Ós rud é nach bhfuil aon leas poiblí ag baint leis an gcomhaontú atá i gceist, ní fhéadtar údar maith a thabhairt le lagú iomaíochta i margadh mura gcruthaíonn na gnóthais lena mbaineann de réir an chaighdeáin riachtanaigh, go háirithe, gurb ann do ghnóthachain éifeachtúlachta, agus go gcuirtear cuid de na buntáistí a tháirgtear ar an gcaoi sin ar aghaidh chuig úsáideoirí.

81. Sa chás seo, ciallaíonn an méid thuas go bhféadfadh FIFA Airteagal 101(3) CFAE a agairt i leith rialacha FFAR a thagann – mar a mhínítear i mír 70 thuas – lasmuigh de raon feidhme na heisceachta de *Meca-Medina* toisc nach bhfuil na cuspoirí atá á saothrú ach chun leasa na n-oibreoirí margaidh lena mbaineann.

82. Baineann mo dhara bharúil le ceanglais áirithe atá leagtha síos in Airteagal 101(3) CFAE ar dá réir nach bhféadfaidh mé aontú go hiomlán le tuairimí an Choimisiúin ina leith.

83. Ar dtús, sonraítear san fhoráil sin gur féidir díolúine a dheonú nuair a ‘a chuidíonn’ comhaontú ‘le feabhas a thabhairt ar tháirgeadh nó dáileadh earraí nó leis an ascnamh teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn’. Sa chás seo, ciallaíonn sé sin gur cheart don chúirt a rinne an tarchur a fháil amach cé acu a dhéantar nó nach ndéantar leis na rialacha atá i gceist (i) gnóthachain éifeachtúlachta a tháirgeadh sa mhargadh trí, mar shampla, clubanna sacair a chumasú chun sineirgí a bhaint amach nó coigilteas costais a dhéanamh, agus go gcuirtear cion cothrom de sin ar aghaidh chuig úsáideoirí ansin; nó (ii) a áirithiú go ndéantar na comórtais agus na cluichí a reáchtáil i gceart, chun leasa dhírigh na dtomhaltóirí ar féidir leo taitneamh a bhaint as imeachtaí spóirt de chaighdeán níos airde.⁷⁵

84. Chuir an Coimisiún roinnt amhrais in iúl, áfach, maidir le cé acu a d’fhéadfaí nó nach bhféadfaí gnóthachain éifeachtúlachta áirithe a d’fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na rialacha atá i gceist a chur san áireamh faoi Airteagal 101(3) CFAE, a mhéid is nach mbeidís ‘inchainníochtaithe’ ar chor ar bith, mar a cheanglaítear le mír 196 den bhreithiúnas in *Superleague*. I ndáil leis sin, tagraíonn an Coimisiún freisin dá Threoirlínte 2004, a léiríonn athrú áirithe i léiriú na hinstitiúide sin ar na cineálacha sochair a d’fhéadfadh bonn cirt a thabhairt le

⁷³ Maidir leis an tsaincheist sin, féach Monti, G., ‘Article 81 EC and public policy’, *Common Market Law Review*, Iml. 39, Eagrán 5, 2002, lch. 1057.

⁷⁴ Féach, chuige sin, an breithiúnas in *FIFA*, mír 153 agus an cásdlí dá dtagraítear.

⁷⁵ Féach, chuige sin, Teachtaireacht ón gCoimisiún – Fógra – Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 81(3) [CE] (IO 2004 C 101, lch. 97) (‘na Treoirlínte 2004’) míreanna 102 go 104.

díolúine faoi Airteagal 101(3) CFAE. Cé gur ghlac an Coimisiún leis go comhsheasmhach, roimh ‘nuachóiriú’ na rialacha nós imeachta iomaíochta go bhféadfadh tairbhí neamheacnamaíocha a bheith cumhdaithe ag an bhforáil sin,⁷⁶ chinn sé in 2004 nach mbeadh sé sin indéanta a thuilleadh agus – chomh fada agus a thuigim – nach mbeadh ach tairbhí eacnamaíocha díreacha inghlactha.

85. Chuige sin, is é mo thuairim go bhfuil (i) léamh míchruinn mhír 196 den bhreithiúnas in *Superleague* á dhéanamh ag an gCoimisiún, agus (ii) go bhféadfadh an cur chuige a glacadh ina Threoirlínte 2004 a bheith ró-dhian.

86. Ar dtús, is cosúil domsa go léann an Coimisiún an téarma ‘inchainníochtaithe’ ar leithligh óna chomhthéacs. Ní thugtar le fios sa sliocht sin den bhreithiúnas gur cheart go mbeadh na gnóthachain a agraíonn na gnóthachain éifeachtúlachta ábalta figiúr beacht a chur orthu (i bhfoirm luacha airgid, mar shampla). Is minic a d’fhéadfadh sé sin bheith deacair, mura dodhéanta. Go deimhin, uaireanta, is ar éigean a bheadh sé intuartha meastachán a dhéanamh ar luach eacnamaíoch amach anseo a bhainfeadh le feabhsú ar leith i dtáirgeadh nó i ndáileadh earraí nó seirbhísí agus dá bhrí sin is meastachán tuairimeach é. Go háirithe, nuair a eascraíonn na gnóthachain éifeachtúlachta as bearta a chuireann ascnamh teicniúil nó eacnamaíoch chun cinn, d’fhéadfadh sé a bheith dodhéanta go hiomlán an t-ascnamh sin a aistriú i luach airgeadais beacht.

87. Mar a léim é, sa sliocht sin den bhreithiúnas in *Superleague*, is éard a bhí i gceist leis an gCúirt nach bhféadtar glacadh le héilimh dhoiléire, gan bhunús nó thuairimeacha amháin maidir le gnóthachain éifeachtúlachta. Ba cheart do na páirtithe an cineál gnóthachan a shainaithint le leibhéal cruinnis leordhóthanach, a mhíniú conas a fheabhsóidh siad an margadh, agus a shuí, trí réasúnaíocht agus/nó fianaise leordhóthanach, go bhfuil siad fíor agus de mhéid suntasach.⁷⁷ Déanta na fírinne, tá cásdlí comhsheasmhach ann maidir leis an bpointe seo,⁷⁸ agus sonraíonn an Coimisiún é féin ina Threoirlínte gur faoi na gnóthais lena mbaineann atá sé a léiriú nach mór do ghnóthachain éifeachtúlachta a bhfuiltear ag brath orthu a bheith ‘oibiachtúil, nithiúil agus infhíoraíthe’.⁷⁹ Seachas sin, ní fheicim conas a d’fhéadfadh na húdaráis inniúla an cleachtadh cothromaíochta a cheanglaítear le hAirteagal 101(3)CFAE a dhéanamh. Cé nach cuntasaíocht fhíor-uimhríochtúil ná cuntasaíocht airgeadais é an cleachtadh cothromaíochta sin, éilítear leis, mar sin féin go ndéantar meá ar thairbhí éagsúla a bhfuil – go ginearálta – gné éigin de chineál eacnamaíoch ag baint leo.

88. Nílím cinnte ach an oiread faoi sheasamh an Choimisiúin maidir leis na cineálacha tairbhí a fhéadtar a ghlacadh faoi Airteagal 101(3) CFAE. Is cosúil domsa go bhfuil an cur chuige sin ag teacht salach ní hamháin ar a chleachtas roimhe seo, ach – níos tábhachtaí fós – ar fhuarlitir an Chonartha agus ar chásdlí seanbhunaithe na Cúirte maidir leis an ábhar seo.

89. Go deimhin, déantar idirdhealú in Airteagal 101(3) CFAE idir ‘feabhas a thabhairt ar tháirgeadh nó dáileadh earraí’ agus ‘an [t-]ascnamh teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn’. Ní féidir an téarma ‘ascnamh eacnamaíoch’ in Airteagal 101(3) CFAE a léamh mar chomhchiallach le ‘fás eacnamaíoch’ ná le ‘saibhreas’. Déantar tagairt in Airteagal 3(3) CAE d’aidhm an Aontais Eorpaigh ‘[go n-oibreoidh] an tAontas ar mhaithe le *forbairt inbhuanaithe* na hEorpa arna fothú ar an *bhfás eacnamaíoch* cothromúil agus ar chobhsaíocht praghsanna, ar *ghilleagar sóisialta margaidh* ina bhfuil iomaíocht ghéar agus arb é is aidhm dó an

⁷⁶ Féach, go fairsing, Brook, O., ‘Struggling with Article 101(3) TFEU: Diverging approaches of the Commission, EU Courts, and five competition authorities’, *Common Market Law Review*, Iml. 56, Eagrán 1, 2019, lgh. 121 go 156.

⁷⁷ Féach, mar shampla, an breithiúnas in *Superleague*, míreanna 237 agus 238.

⁷⁸ Féach an breithiúnas in *Royal Antwerp*, mír 120 agus an cásdlí dá dtagraítear.

⁷⁹ Féach, mar shampla, míreanna 341 agus 559 de na Treoirlínte dá dtagraítear i bhfonóta 62 thuas, agus mír 56 de Threoirlínte 2004.

lánfhostaíocht agus an dul chun cinn sóisialta, agus ar ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus ar ardleibhéal feabhsaithe ar a cháilíocht. Déanfaidh sé *dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch* a chur chun cinn'.⁸⁰ Ag baint úsáid as meafar bunúsach, déarfainn gurb éard atá i gceist le 'dul chun cinn' – ó thaobh an mhargaidh inmheánaigh agus na hiomaíochta de – ní hamháin go bhfuil méid an cháca a mhéadú, ach go bhfuil feabhas ag teacht ar cháilíocht an cháca freisin, go bhfuil an cáca á roinnt ar bhealach níos cothroime, nó go n-áirithítear gur féidir cáca chomh blasta céanna a bhacáil freisin go ceann i bhfad.

90. Sa bhreis air sin, is cosúil go bhfuil cur chuige an Choimisiúin ar neamhréir leis an gcur chuige a ghlac dréachtóirí na gConarthaí maidir le saorghluaiseacht,⁸¹ agus leis an léiriú a thug an Chúirt ar na forálacha sin.⁸² Cé gur féidir bonn cirt a thabhairt le srianta ar shaorghluaiseacht, atá toirmiscthe i bprionsabal, ar fhórais neamheacnamaíocha, ní bheadh aon chiall leis mura bhféadfaí bonn cirt a thabhairt riamh le srianta iomaíochta ar na fórais chéanna. I ndáil leis sin, níor cheart neamhaird a dhéanamh de, mar a shonraítear i bPrótacal (Uimh. 27) maidir leis an margadh inmheánach agus an iomaíocht, go n-áirítear leis an margadh inmheánach a shainmhíniú in Airteagal 3 CAE córas chun a áirithiú nach ndéantar an iomaíocht a shaobhadh. Dá bhrí sin, cé go bhfuil a chuspóir féin agus a choinníollacha sonracha cur i bhfeidhm féin ag gach ceann den dá shraith rialacha sin,⁸³ is dhá chomhpháirt den tionscadal dlíthiúil céanna iad⁸⁴ agus dá bhrí sin, bheadh sé loighciúil creat anailíse inchomparáide a bheith ann, ionas go bhféadfaí torthaí paradacsúla a sheachaint i gcásanna sonracha.⁸⁵

91. Aontaím go hiomlán leo siúd a áitíonn nár cheart anailís ar dhlí na hiomaíochta a chúbláil chun cuspóirí polaitiúla (mar shampla, spriocanna beartais thionsclaíoch) ná í a thruailliú le breithnithe neamh-eacnamaíocha (mar shampla, cothroime iompair na ngnóthas). Bheadh sé sin ag déanamh neamhaird ar réasúnaíocht an choirp dlíthe sin agus d'fhágfadh sé go mbeadh an anailís dhlíthiúil dothuartha, neamh-inoibrithe agus neamh-thrédhearcach, mura mbeadh sí claonta ar fad. Mar sin féin, is mór an difear idir é sin agus a aithint gurb ann don chuspóir chun iomaíocht shaor agus neamhshaofa a áirithiú agus gur gá é a réiteach le cuspóirí eile a bhfuil luach comhionann acu i ndlíchóras an Aontais. Nuair a chomhlíontar na coinníollacha *dochta* a leagtar amach in Airteagal 101(3) CFAE – lena gceanglaítear le ceann acu, mar a mhínítear, iarmhairtí eacnamaíocha dearfacha éigin sa mhargadh ábhartha (nó sna margaí nasctha) – ba cheart go mbeadh na húdaráis ábalta an cleachtadh cothromaíochta a dhéanamh, beag beann ar chineál an tsochair atá i gceist.

92. Is cosúil go bhfuil cur chuige cúng an Choimisiúin ar neamhréir leis an gcásdlí bunaithe freisin. Sa chás clúiteach *Metro*, shonraigh an Chúirt, sách soiléir, go 'léirítear leis na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún faoi [Airteagal 101(3) CFAE] gur féidir na ceanglais maidir le

⁸⁰ Béim curtha leis.

⁸¹ Féach, go háirithe, Airteagal 36, Airteagal 45(3), Airteagal 52(1), agus Airteagal 65(1) CFAE.

⁸² Is ar éigean a theastaíonn uaim tagairt a dhéanamh, chuige sin, don chásdlí seanbhunaithe maidir leis na 'ceanglais éigeantacha' nó na 'cúiseanna sáraitheacha' ar mhaithe le leas an phobail a d'fhéadfadh bonn cirt a thabhairt le srianta ar rialacha saorghluaiseachta, rud a eascaíonn as an mbreithiúnas ceannródaíoch in *Cassis de Dijon*: breithiúnas an 20 Feabhra 1979, *Rewe-Zentral* (120/78, EU:C:1979:42, mír 8).

⁸³ Féach an breithiúnas in *FIFA*, mír 83.

⁸⁴ Féach, chuige sin, mar shampla, breithiúnas an 12 Bealtaine 2022, *Servizio Elettrico Nazionale agus páirtithe eile* (C-377/20, EU:C:2022:379, míreanna 42 agus 43, agus an cásdlí dá dtagraítear) ('an breithiúnas in *SEN*').

⁸⁵ Féach an sampla a thugtar i dTuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar in *FIFA*, (C-650/22, EU:C:2024:375 mír 35).

hiomaíocht inoibrithe a chothabháil a réiteach le coimirciú *cuspoirí de chineál difriúil* agus chuige sin go bhfuil srianta áirithe ar iomaíocht incheadaithe [...].⁸⁶ Ní fheicim cén áit a gcealófaí le cásdlí níos déanaí na Cúirte an ráiteas prionsabail soiléir sin.⁸⁷

93. Arís eile, is cosúil nach bhfuil gá le plé mionsonraithe ar an ábhar chun críocha na Tuairime seo. Tá na breithnithe thuas ceaptha chun a mhíniú cén fáth a bhfuilim den tuairim go bhféadfaidh tairbhí de chineál *neamheacnamaíoch*, ar choinníoll go mbíonn iarmhairtí dearfacha inláimhsithe acu ar na margaí ábhartha, nó sna margaí atá nasctha go docht leo⁸⁸ a bheith ábhartha faoi Airteagal 101(3) CFAE freisin.

94. Dá réir sin, táim den tuairim, mar shampla, go rannchuidíonn na cuspoirí maidir le calaois, coinbhleacht leasa nó saothrú mí-úsáideach lúthchleasaithe óga a sheachaint gan amhras le feidhmiú foriomlán an éiceachórais sacair a fheabhsú, agus iarmhairtí dearfacha aige sin ar na margaí táirgí nó seirbhísí lena mbaineann. Tá sé sách soiléir gur ábhar mór inní don tionscal spóirt le déanaí an t-ionracas agus an chuntasacht,⁸⁹ agus go bhfuil damáiste mór déanta ag scannail iomadúla d'íomhá na gcumann spóirt.⁹⁰ Bheadh sé saonta a cheapadh nach mbíonn aon tionchar ag na himeachtaí sin ar spéis agus ar thoilteanas tomhaltóirí, lucht tacaíochta agus craoltóirí chun maoiniú a thabhairt do spórt.⁹¹

95. Ar deireadh, maidir leis an téarma ‘tomhaltóirí’, a úsáidtear in Airteagal 101(3) CFAE, sa chás seo ba cheart go mbeadh an téarma sin, ar ndóigh, ag freagairt ar dtús do lucht tacaíochta: iad siúd a mhaoiníonn an córas sa deireadh trí, go háirithe, ticéid chluiche, earraí oifigiúla nó seirbhísí eile arna soláthar ag clubanna sacair, agus seirbhísí craolacháin a cheannach. Ní féidir an téarma sin a léiriú ró-chúng, áfach, mar théarma nach dtagraíonn ach do na tomhaltóirí deiridh.⁹² Go deimhin, ina cásdlí ar Airteagal 101(3) CFAE, is minic a thagair an Chúirt do ‘úsáideoirí’, mar shampla agus béim á leagan aici ar an ngá atá ann, do na páirtithe atá ag brath ar an bhforáil sin, a thaispeáint go mbíonn buntáistí oibiachtúla suntasacha mar thoradh ar na bearta atá i gceist do na catagóirí éagsúla úsáideoirí lena mbaineann, agus ar an gcaoi sin cúiteamh a dhéanamh as na míbhuntáistí a eascraíonn as i dtéarmaí iomaíochta ar na margaí ábhartha. Mar shampla, sa bhreithiúnas in *Superleague*, thagair an Chúirt d’úsáideoirí ‘amhail cumainn sacair náisiúnta, clubanna gairmiúla nó amaitéarach, imreoirí gairmiúla nó amaitéarach, imreoirí óga agus, ar bhonn níos leithne,

⁸⁶ Féach, go háirithe, breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 1977, *Metro SB-Großmärkte v an Coimisiún* (26/76, EU:C:1977:167, mír 21) (béim curtha leis). Sa scoláireacht, féach *inter alia*, Lugard, P. agus Hancher, L. ‘Honey, I shrunk the article! A critical assessment of the Commission’s Notice on Article 81(3) of the EC Treaty’, *European Competition Law Review*, Iml. 25, Eagrán 7, 2004, lch. 410; agus Bourgeois, J.H.J. agus Bocken, J., ‘Guidelines on the application of Article 81(3) of the EC Treaty of how to restrict a restriction’, *Legal Issues of Economic Integration*, Iml. 32, Eagrán 2, 2005, lgh. 111 go 121.

⁸⁷ Is fíor nach bhfuil mórán cásdlí ann maidir le hAirteagal 101(3) CFAE le blianta beaga anuas. Is cosúil gurb iad na príomhchásanna ar an bpointe seo ná breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2009, *GlaxoSmithKline Services agus páirtithe eile v an Coimisiún agus páirtithe eile* (C-501/06 P, C-513/06 P, C-515/06 P agus C-519/06 P, EU:C:2009:610) (‘an breithiúnas in *GlaxoSmithKline*’), agus an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard agus páirtithe eile v an Coimisiún* (C-382/12 P, EU:C:2014:2201) (‘an breithiúnas in *MasterCard*’).

⁸⁸ San éiceachóras sacair, áit a bhfuil soláthar seirbhísí éagsúla idirnasctha, agus na buntáistí a tháirgtear á measúnú, is gá an córas foriomlán a chur san áireamh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na buntáistí oibiachtúla uile a eascraíonn astu, ní hamháin sna margaí ar bunaíodh an srian ina leith (*in casu*, iad siúd ar a bhfuil gníomhairí agus/nó clubanna in iomaíocht), ach freisin sna margaí eile a mbíonn na gníomhairí agus/nó na clubanna ag idirghníomhú leo. Féach, chuige sin, an breithiúnas in *MasterCard*, míreanna 236 agus 237.

⁸⁹ Féach, mar shampla, Teachtaireacht an Choimisiúin ‘Developing the European dimension in sport’, an 18 Eanáir 2011, COM(2011) 12 final, Roinn 41.1.

⁹⁰ Féach, mar shampla, Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht, ‘Global report on corruption in sport’, 2022 (ar fáil ar líne), lch. 3.

⁹¹ Féach freisin, mo Thuairim in *ROGON*, mír 49.

⁹² Féach, go háirithe, breithiúnas an 23 Samhain 2006, *Asnef-Equifax agus Administración del Estado* (C-238/05, EU:C:2006:734, míreanna 64 go 71).

tomhaltóirí, bídís ina lucht féachana nó ina mbreathnóirí teilifíse'.⁹³ Chuige sin, féadtar na tairbhí do na cineálacha éagsúla úsáideoirí a mheas i dteannta a chéile agus iad á gcothromú i gcoinne na n-éifeachtaí sriantacha a chruthaítear.⁹⁴

3. Na rialacha maidir le ceadúnas mar ghníomhaire

96. Ag féachaint anois ar an measúnú ar na rialacha maidir le ceadúnas mar ghníomhaire faoi Airteagal 101 CFAE, is iad seo a leanas mo chuid barúlacha.

97. Ar an gcéad dul síos, is fíoras nach bhfuil faoi chonspóid é, i sochaí an lae inniu, go n-éilíonn go leor gairmeacha éagsúla ar sholáthraithe seirbhíse ceadúnas nó deimhniú a fháil ó (de ghnáth) chomhlacht féinrialaithe na gairme (a d'fhéadfadh a bheith poiblí nó príobháideach). Chun é sin a dhéanamh, ní mór don iarrthóir a thaispeáint go gcomhlíonann sé nó sí critéir áirithe agus/nó ní mór dó nó di dul faoi roinnt oiliúint *ad hoc* agus/nó pas a fháil i scrúdú nó i dtrial shonrach. Is gnách go leor freisin, sa chomhthéacs sin, go ngeallann an soláthraí seirbhíse na rialacha arna n-eisiúint ag an gcomhlachas a chomhlíonadh agus go gcuirtear é faoi réir pionóis áirithe i gcás neamhchomhlíonadh na rialacha sin.⁹⁵ Is amhlaidh atá, ar choinníoll go bhfuil na pionóis sin oibiachtúil, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus gur féidir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a dhéanamh ar a bhforchur.⁹⁶

98. I bpáipéar beartais ECFE le déanaí, cuirtear in iúl go bhfuil méadú tagtha le déanaí ar an raon gairmeacha a bhfuil ceadúnas ag teastáil dóibh agus i roinnt dlínse go bhféadfadh suas le 30 % den fhostaíocht iomlán a bheith i gceist leo. Is minic a bhunaítear na ceanglais cheadúnais trí bhíthin reachtaíochta nó trí ghníomhartha rialála poiblí eile. Mar sin féin, tá ról tábhachtach sa réimse seo freisin ag gníomhaíocht féinrialála na gcomhlachas príobháideach féin. Tá baint ag na cúiseanna leis na córais sin, den chuid is mó, le neamhshiméadrachtaí faisnéise (is é sin, is minic nach mbíonn custaiméirí ábalta cáilíocht na seirbhíse a iarrtar ón soláthraí a mheas), seachtrachtaí (is é sin, le soláthar na seirbhíse atá i gceist d'fhéadfaí seachtrachtaí diúltacha a chruthú do thríú páirtithe ar gá iad a sheachaint nó a íoslaghdú), nó cosaint earraí poiblí (is é sin, go gcruthaítear leis na seirbhísí leas poiblí éigin nó go ndéantar difear dó léi ar gá leibhéal áirithe cáilíochta agus cainníochta soláthair a áirithiú).⁹⁷

99. A mhéid a eascraíonn na ceanglais cheadúnais as rialacháin arna n-eisiúint ag comhlachais ghairmiúla nó spóirt de chineál príobháideach (agus nach bhfuil siad inchurtha i leith an Stáit dá bhrí sin), is léir domsa go bhféadfadh *éifeachtaí* sriantacha a bheith ag na ceanglais sin ar an iomaíocht i gcásanna áirithe toisc go gcuirtear teorainn leo le hiontráil sa mhargadh. Is amhlaidh atá mura bhfuil mórán iarrachta agus costas ag teastáil leis na rialacháin chun an ceadúnas a fháil, agus mura gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Go deimhin, i gcásanna den sórt sin d'fhéadfaí a áitiú nach bhfuil an tionchar ar an iomaíocht suntasach.

⁹³ Mír 195 den bhreithiúnas. Féach freisin, na breithiúnais in *GlaxoSmithKline* mír 92; in *Royal Antwerp*, míreanna 121 agus 122; agus in *FIFA*, mír 154.

⁹⁴ Féach, chuige sin, an breithiúnas in *MasterCard*, mír 241.

⁹⁵ Féach, de réir analaí, an breithiúnas in *Superleague*, míreanna 144 go 146. Féach freisin an breithiúnas in *Piau*, mír 92.

⁹⁶ Féach, chuige sin, na breithiúnais in *ISU*, míreanna 133 go 139; in *Superleague*, míreanna 146 go 152; agus in *FIFA*, mír 111.

⁹⁷ Féach, go ginearálta, an Coimisiún Eorpach, Tuarascáil maidir le hiomaíocht i seirbhísí gairmiúla, dá dtagraítear i bhfonóta 52 thuas, go háirithe lgh. 9 agus 10; 'Communication on professional services – Scope for more reform – Follow-up to the Report on competition in professional services' (COM(2005) 405 final), go háirithe míreanna 10 go 13, agus 33; agus ECFE, 'Competition and regulation in professions and occupations – OECD roundtables on competition policy papers', 2024, go háirithe lgh. 6, 13, 14, 29, 31 agus 47.

100. É sin ráite, an bhféadfaí a mheas go bhfuil cuspóir frithiomaíoch ag rialacháin chomhchosúla freisin? Tá an tsaincheist sin, i mo thuairimse, níos casta, ar dhá chúis den chuid is mó: (i) mar a mhínítear thuas, is minic gurb é an *réasúnaíocht* atá le rialacháin den sórt sin teipeanna áirithe sa mhargadh a cheartú, d'fhonn tomhaltóirí, sábháilteacht phoiblí nó earraí coiteanna áirithe a chosaint; agus (ii) tá éagsúlacht shuntasach ann maidir lena gcumas *tionchar* suntasach a bheith acu ar rochtain ar an margadh (agus a mhéid a d'fhéadfadh sé sin tarlú), ag brath den chuid is mó ar a bhfuil i gceist leis na ceanglais le haghaidh ceadúnais agus ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an próiseas chun na feidhmeanna ceadúnais a fháil.⁹⁸

101. Ina Thuarascáil ar iomaíocht i seirbhísí gairmiúla in 2004, scríobh an Coimisiún, *inter alia*: (i) 'le srianta iontrála cáilíochtúla, i dteannta le cearta forchoimeáda, áirithítear nach féidir ach le cleachtóirí a bhfuil cáilíochtaí agus inniúlacht chuí acu tascanna áirithe a dhéanamh [agus] dá bhrí sin féadfaidh siad rannchuidiú tábhachtach a dhéanamh chun cáilíocht na seirbhísí gairmiúla a áirithiú'; (ii) 'is dócha go laghdófaí soláthar soláthraithe seirbhíse le rialáil iomarcach cheadúnaithe, agus go mbeidh iarmhairtí diúltacha aige sin don iomaíocht agus do cháilíocht na seirbhíse'; (iii) 'd'fhéadfadh rialacháin maidir le ceadúnú, i gcásanna áirithe, a bheith ró-shriantach agus go bhféadfadh tomhaltóirí leas a bhaint as maolú ar na rialacha atá ann cheana féin; agus (iv) 'go bhféadfadh raon feidhme a bheith ann chun ceanglais iontrála a íslíú i gcásanna ina bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad díreireach le castacht thascanna na gairme'.⁹⁹

102. Táim den tuairim go bhfuil na breithnithe sin – a bhfuil cuma réasúnta orthu – ag comhfhreagairt go ginearálta leis na cinntí a rinne Cúirteanna an Aontais nuair a bhí orthu athbhreithniú a dhéanamh ar rialacháin phríobháideacha a d'fhéadfadh, trí cheanglais cheadúnais nó bearta coibhéiseacha eile, rochtain ar mhargadh seirbhísí a theorannú.¹⁰⁰ Léirítear leis an gcásdlí go mbraitheann cineál frithiomaíoch na gcóras sin go príomha ar a guspóir sonrach agus ar a ndearadh sonrach. An bhfuil cúis dháiríre agus oibiachtúil ann (agus ní cúis fhrithiomaíoch *per se*) maidir le cén fáth go bhfuil córas ceadúnúcháin riachtanach chun gairm ar leith a chleachtadh? An bhfeidhmíonn an córas ar bhealach atá oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach? An bhfuil sé follasach go bhfuil an córas ag dul thar a bhfuil riachtanach chun na leasanna atá i gceist a chosaint? Sin iad na saincheisteanna ar a bhfuil Cúirteanna an Aontais dírithe den chuid is mó sna cásanna sin. Is léir go bhfuil gá a bheith níos cúramaí sa mheasúnú nuair a thairgeann an comhlachas é féin táirgí nó seirbhísí ar an margadh ina ngníomhaíonn sé mar mhaor geataí. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé a bheith d'éifeacht ag rialacháin na gcomhlachas cuid shuntasach den mhargadh a fhorchoimeád dóibh féin, nó d'fhéadfadh siad idirdhealú a dhéanamh i gcoinne na n-iomaitheoirí iarbhir nó ionchasacha, agus ar an gcaoi sin a monaplacht *de facto* a chosaint.¹⁰¹

103. Dá bhrí sin, ní cheapaim go bhféadtar a mheas go bhfuil cuspóir frithiomaíoch *prima facie* ag gach sraith rialacha príobháideacha lena bhforchuirtear deonú ceadúnais chun gairm áirithe a chleachtadh. Braitheann sé ar fad ar ábhar, comhthéacs agus cuspóirí an chórais atá bunaithe. I bhfocail eile, ní fheicim catagóir shoiléir agus dhea-shainithe de rialacháin maidir le ceadúnú a bhfuil eolas maith ann ar a nádúr díobhálach nó a nglactar go forleathan leis. Nó, ar aon nós, ní

⁹⁸ Féach na doiciméid dá dtagraítear sna fonótaí roimhe seo. Féach freisin – i ndlínsí eile – Canadian Competition Bureau, 'Self-regulated professions, balancing competition and regulation', Tuarascáil, 11 Nollaig 2007; agus Australian Competition and Consumer Commission, 'Regulation, competition and the professions', 13 Iúil 2001. Tá an péire ar fáil ar líne.

⁹⁹ Dá dtagraítear i bhfonótaí 52 agus 97 thuas, míreanna 49 go 53.

¹⁰⁰ Féach, mar shampla, breithiúnas an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas* (C-1/12, EU:C:2013:127, míreanna 68, 69 agus 82) ('an breithiúnas in *OTOC*').

¹⁰¹ Féach, chuige sin, na breithiúnais in *MOTOE*, mír 51 agus mír 52; in *OTOC*, míreanna 62, agus 88 go 92; in *ISU*, míreanna 144 go 146; agus in *Superleague* mír 176. Féach freisin, ordú an 23 Feabhra 2006, *Piau v an Coimisiún* (C-171/05 P, EU:C:2006:149, mír 38).

féidir liom na rialacha atá i gceist a chur faoi chatagóir iompair shonrach agus aonchineálach a léiríonn an taithí dúinn go bhfuil sé frithiomaíoch ó dhúchas. Sin é an fáth gurb é mo réamhthuairim nach bhfuil cuspóir frithiomaíoch ag na rialacha atá i gceist.

104. Bheadh sé difriúil, áfach, dá suífeadh an chúirt a rinne an tarchur nach raibh gá go follasach leis na rialacha sin, ós rud é nach raibh baint ag aon leas poiblí lena raibh leibhéal cosanta den sórt sin ag teastáil i ndáiríre,¹⁰² agus gur míníodh a nglacadh (go heisiach nó go príomha) le mian na n-oibreoirí margaidh lena mbaineann (clubanna sacair agus/nó gníomhairí iad féin) teorainn a chur le líon na ngairmithe atá gníomhach ar an margadh do sheirbhísí gníomhairí.

105. I bhfianaise an mhéid thuas, dá dtiocfadh an chúirt a rinne an tarchur ar an gconclúid nach bhfuil cuspóir frithiomaíoch ag na rialacha atá i gceist ach go bhféadfaidís roinnt éifeachtaí sriantacha a bheith acu ar mhargadh ábhartha éigin, bheadh ar an gcúirt sin a sheiceáil ansin an bhféadtar bonn cirt a thabhairt leis na rialacha sin faoin gcásdlí *Meca-Medina*. Beag beann ar an méid sin, d'fhéadfaí meastóireacht a dhéanamh ar na rialacha atá i gceist faoi Airteagal 101(3) CFAE freisin.

106. Maidir leis an dá chéim sin den anailís, níl mórán le cur agam leis an méid a leag mé amach thuas. Ní dhéanfainn ach a mheabhrú, i measc rialacha Rialacháin Ghníomhairí Imreoirí FIFA (a bhí i bhfeidhm an tráth sin) a raibh ar an gCúirt Ghinearálta athbhreithniú a dhéanamh orthu in *Piau*, gur ceanglaíodh ar ghníomhairí ceadúnas arna eisiúint ag an gcomhlachas náisiúnta inniúil a fháil. I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Ghinearálta go bunúsach (i) gur eascair srianadh iomaíochta 'de réir éifeachta' de bhun (cad é anois) Airteagal 101(1) CFAE; agus (ii) nach ndearna an Coimisiún aon earráid fhollasach mheasúnaithe agus é ag meas gur chomhlíon sé na coinníollacha chun leas a bhaint as díolúine faoi Airteagal 101(3) CFAE. Go háirithe, bhí an Chúirt Ghinearálta den tuairim nár cuireadh deireadh leis an iomaíocht sa mhargadh ábhartha leis an gcóras ceadúnaithe. Leis an gcóras sin, cuireadh sásra i bhfeidhm a bhí 'mar chúis', dar leis an gCúirt Ghinearálta, 'le roghnú cáilíochtúil, a bhí oiriúnach chun cuspóir na gcaighdeán gairmiúil a ardú do ghairm ghníomhaire na n-imreoirí, seachas srian cainníochtúil ar rochtain ar an ngairm sin'.¹⁰³ Ar bhonn na faisnéise sa cháschomhad, ní shéanfainn é go bhféadfadh breithnithe comhchosúla a bheith, *mutatis mutandis*, bailí sa chás seo freisin.

4. Na rialacha maidir le hionadaíocht

107. Chomh fada agus is féidir liom a fheiceáil, is cosúil go bhfuil sé mar aidhm ag na rialacha maidir le hionadaíocht – lena gcuirtear bac ar ionadaíocht thriarach a bheith á soláthar ag gníomhairí (imreoir, an club earcaíochta agus an club a scaoileann leo) agus dé-ionadaíocht áirithe (imreoir agus an club a scaoileann leo, nó an club a scaoileann leo agus an club earcaíochta) in idirbhearta – coinbhleacht leasa a sheachaint a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do na páirtithe lena mbaineann, agus go háirithe do na lúthchleasaithe, nach bhféadfadh a bheith chomh heolach agus chomh hairdeallach leis na clubanna sacair. Tugtar le fios leis sin nach gcuirtear srian leis na rialacha atá i gceist, *prima facie*, ar iomaíocht de réir cuspóra agus – dá mbeidís

¹⁰² Maidir leis an bpointe sin, b'fhéidir gur díol spéise é a thabhairt faoi deara go bhfuil an chuma ar an scéal ó thuarascálacha áirithe arna gcoimisiúnú le blianta beaga anuas ag an gCoimisiún Eorpach go bhfuil córas ceadúnais riachtanach chun dea-rialachas a áirithiú i dtionscal na ngníomhairí sacair. Féach, mar shampla, 'Study on sports agents in the European Union', Samhain 2009, lgh. 7, 84 go 91, agus 107 go 132; agus Parrish, R., *et al.*, *Promoting and Supporting Good Governance in the European Football Agents Industry – Final Report*, 2019, lgh. 56 go 70 ('an Tuarascáil Parrish'). Ina theannta sin, léirigh Parlaimint na hEorpa, ina rún an 17 Meitheamh 2010 maidir le gníomhairí imreoirí sa spórt (2011/C 236 E/14), an tuairim freisin go raibh gá le córas ceadúnaithe do ghníomhairí sacair.

¹⁰³ Féach míreanna 100 go 104 den bhreithiúnas in *Piau*. Ar achomharc, féach ordú an 23 Feabhra 2006, *Piau v an Coimisiún* (C-171/05 P, EU:C:2006:149, mír 38).

sriantach de réir éifeachta, rud atá indéanta i ndáiríre¹⁰⁴ – is dócha go bhféadfaí bonn cirt a thabhairt leo faoin gcásdlí *Meca-Medina*, nó a bheith díolmhaithe de bhun Airteagal 101(3) CFAE, má chomhlíontar na coinníollacha faoi seach.

108. Creidim, sa dá chás, gurb é an tsaincheist is tábhachtaí don chúirt a rinne an tarchur ná a sheiceáil an bhfuil bearta malartacha ann, nach bhfuil chomh sriantach céanna ar an iomaíocht (amhail oibleagáidí trédhearcachta agus faisnéise ar ghníomhairí, agus toiliú i scríbhinn a fháil ó na páirtithe atá i gceist) ach atá chomh héifeachtach céanna. Is cosúil go bhfuil an cheist faoi réir roinnt díospóireachta.¹⁰⁵ Dá mbeadh argóintí an dá thaobh, tríd is tríd, den mheáchan céanna, bheinn claonta roinnt solúbthachta a fhágáil ag na cumainn spóirt, ar na cúiseanna a léirítear i bpointí 35 go 37 de mo Thuairim in *ROGON* (maidir leis an gcásdlí *Meca-Medina*) agus míreanna 83 go 94 thuas (maidir le hAirteagal 101(3) CFAE).

5. An riail maidir le teagmháil a dhéanamh

109. I ndáil leis an riail maidir le teagmháil a dhéanamh, is cosúil domsa – mar a áitíonn na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí agus an Coimisiún araon – go bhfuil sé frithiomaíoch ó *nadúr*. Go deimhin, tá sé beartaithe cosc a chur ar ghníomhairí a gcuid seirbhísí a thairiscint do chatagóirí áirithe cliant nua ionchasacha: iad siúd atá fostaithe le gníomhaire eile cheana féin ar bhonn eisiach, mura bhfuil siad sa dá mhí dheireanacha dá gconradh reatha.

110. Ní dóigh liom gur féidir amhras mór a bheith ann gur frithiomaíoch é cuspóir agus éifeacht rialach den sórt sin. Níor chuala mé aon mhíniú inchreidte ó na páirtithe ach an oiread maidir le cén fáth a bhféadfaí bonn cirt a thabhairt le riail den sórt sin faoin gcásdlí *Meca-Medina* nó cén fáth a bhféadfaí í a bheith díolmhaithe faoi Airteagal 101(3) CFAE.

111. Bíodh sin mar atá, ní fheicim aon chuspóir dlisteanach ar mhaithe le leas an phobail atá á shaothrú ag an riail atá i gceist. Chun bonn cirt a thabhairt leis an riail sin, agraíonn FIFA an gá atá le cobhsaíocht chonarthaigh a neartú. Mar sin féin, is cosúil domsa gur leas de chineál eacnamaíoch agus príobháideach amháin é sin. Cé go bhfuil cobhsaíocht áirithe sna conarthaí idir imreoirí agus clubanna riachtanach chun rialtacht sna comórtais a áirithiú,¹⁰⁶ tá amhras orm go bhféadtar an loighic chéanna a chur i bhfeidhm freisin maidir leis na conarthaí idir gníomhairí agus imreoirí nó clubanna. Ar an dóigh chéanna, ní léir dom cad iad na gnóthachain éifeachtúlachta a ghinfí leis an riail atá i gceist sa mhargadh, a d'fhéadfadh cúiteamh a dhéanamh as na héifeachtaí frithiomaíocha a chruthófaí.

6. Na rialacha maidir le faisnéis a thíolacadh agus a nochtadh

112. Ní cosúil go bhfuil fadhbanna ar leith ag baint leis na rialacha maidir le faisnéis a thíolacadh agus a nochtadh ó thaobh na hiomaíochta de, mura bhfuil an chúirt a rinne an tarchur le fáil amach – mar a mhínítear i míreanna 171 agus 187 thíos – go bhféadfadh cineál éigin claonpháirteachais eatarthu teacht chun cinn mar gheall ar chineál na faisnéise tráchtála a roinntear idir gníomhairí ar iomaitheoirí iarbhir nó ionchasacha iad.¹⁰⁷

¹⁰⁴ Mar shampla, gan na rialacha atá i gceist, bheadh gníomhairí ábalta a mholadh do na páirtithe táillí níos ísle a chur i bhfeidhm *pro quota*, má roghnaítear iad chun níos mó ná páirtí amháin san idirbheart a ionadú.

¹⁰⁵ Féach, chuige sin, an Tuarascáil Parrish, lgh. 78 go 84.

¹⁰⁶ Féach, sa chomhthéacs sin, agus le tagairtí don chásdlí, mo Thuairim in *CD Tondela*, míreanna 58 agus 79.

¹⁰⁷ Maidir leis na prionsabail shean-bhunaithe ar an gceist seo, féach, *inter alia*, breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *HSBC Holdings agus páirtithe eile v an Coimisiún* (C-883/19 P, EU:C:2023:11, míreanna 113 agus 114 agus an cásdlí dá dtagraítear).

113. Mar chonclúid ar Airteagal 101 CFAE, leanann sé ón méid thuas go mbeidh comhoiriúnacht na rialacha atá i gceist leis an bhforáil sin ag brath den chuid is mó ar cé acu an bhféadtar nó nach bhféadtar bonn cirt a thabhairt le haon éifeachtaí frithiomaíocha suntasacha a bhaineann leis na rialacha sin faoin gcásdlí *Meca-Medina*, nó a bheith díolmhaithe faoi Airteagal 101(3) CFAE.

D. Airteagal 102 CFAE

114. Baineann an dara saincheist a ardaíodh leis an gceist a tharchuirtear le comhoiriúnacht rialachán amhail FFAR le hAirteagal 102 CFAE.

115. Sa bhreithiúnas in *Superleague*, mheabhraigh an Chúirt cásdlí socair ar dá réir a bhfuil Airteagal 102 CFAE ‘infheidhme maidir le haon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch agus nach mór, sa cháil sin, é a aicmiú mar ghnóthas, beag beann ar a fhoirm dhlíthiúil agus ar an gcaoi a maoinítear é’. Tá an fhoráil sin infheidhme freisin, mar sin, ‘maidir le heintitis a foirmíodh i bhfoirm comhlachas arb é is cuspóir dóibh, de réir a reachtanna, spórt ar leith a eagrú agus a rialú, a mhéid a dhéanann na heintitis sin gníomhaíocht eacnamaíoch i ndáil leis an spórt sin, trí earraí nó seirbhísí a thairiscint, agus a mhéid nach mór iad a aicmiú, ar an mbonn sin, mar “ghnóthais”’.¹⁰⁸ Chinn an Chúirt ansin go raibh ‘ceannasacht ag gach ceann den dá eintiteas sin ar an margadh maidir le comórtais sacair idirclub a eagrú agus a mhargú i gcríoch an Aontais Eorpaigh agus maidir le leas a bhaint as na cearta éagsúla a bhaineann leis na comórtais sin’ (‘na margaí ceannasacha’).¹⁰⁹

116. Leanann sé freisin ón mbreithiúnas in *Superleague* agus ó chásdlí seanbhunaithe, nach dtairmisteart le hAirteagal 102 CFAE gnóthais a gcumhacht margaidh a fheidhmiú ar bhealach mí-úsáideach sna margaí ceannasacha nó i margaí eile ina bhféadfaidís a bheith gníomhach amháin, ach freisin i margaí gaolmhara nó comharsanacha eile nach bhfuil siad ag feidhmiú iontu,¹¹⁰ amhail iad siúd atá ann réamhtheachtach nó iarthachtach maidir leis na margaí ceannasacha.¹¹¹

117. I bhfianaise an chúlra sin, is léir domsa, trí rialacháin amhail FFAR a ghlacadh, go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil FIFA ábalta a chumhacht mhargaidh sna margaí ceannasacha a ghíaráil chun tionchar a imirt ar an gcaoi a dtarlaíonn iomaíocht in dhá mhargadh atá nasctha leo sin: an margadh do sheirbhísí gníomhairí (ina mbíonn gníomhairí in iomaíocht), agus an margadh d’aistriú na n-imreoirí (ina mbíonn clubanna sacair in iomaíocht) (‘na margaí nasctha’).

118. Go háirithe, cinntear le FFAR cé a théann isteach sa mhargadh do sheirbhísí gníomhairí (trí na rialacha maidir le ceadúnaithe) agus conas is féidir agus nach féidir le gníomhairí dul san iomaíocht lena chéile (mar shampla, cathain is féidir leo teagmháil a dhéanamh chun cliaint nua a earcú). Ina theannta sin, bíonn tionchar ag rialáil ghníomhaíocht na ngníomhairí ar an margadh iarthachtach le haghaidh aistriú imreoirí, ós rud é gur imreoir lárnach sa mhargadh sin iad gníomhairí, a fhéadfaidh tionchar suntasach a imirt ar cé acu an aistríonn imreoirí ó club amháin go club eile agus conas a aistríonn siad.

¹⁰⁸ Míreanna 112 agus 113 den bhreithiúnas in *Superleague*.

¹⁰⁹ *Ibid.*, mír 117.

¹¹⁰ Féach, mar shampla, an breithiúnas in *Superleague*, mír 129, agus, le déanaí, breithiúnas an 25 Feabhra 2025, *Alphabet agus páirtithe eile* (C-233/23, EU:C:2025:110, mír 54 agus an cásdlí dá dtagraítear) (‘an breithiúnas in *Alphabet*’).

¹¹¹ Féach, mar shampla, breithiúnas an 19 Aibreán 2018, *MEO – Serviços de Comunicações e Multimédia* (C-525/16, EU:C:2018:270, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear).

119. É sin ráite, an bhfuil na rialacha atá i gceist ina gcúis leis na mí-úsáidí líomhainte? Dar liomsa, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, i bprionsabal, freagra críochnaitheach a thabhairt ar an gceist sin. Mar sin féin, d'fhonn cabhrú leis an gcúirt sin ina measúnú, cuirfidh mé roinnt breithnithe ar fáil anois maidir leis an ábhar.

120. Ar dtús, ní mór dom a shonrú go bhfuil sé deacair dom measúnú réasúnta mionsonraithe a dhéanamh ar cibé an bhféadfadh na rialacha éagsúla atá i gceist a bheith ba shiocair mí-úsáid cheannasach, ós rud é go bhfuil an teoiric díobhála atá taobh thiar de na mí-úsáidí líomhainte fós doiléir, uaireanta. Go bunúsach, comhfhreagraíonn na saincheisteanna a ardaíodh faoi Airteagal 102 CFAE san iarraidh ar réamhrialú, agus na saincheisteanna a phléigh na páirtithe ina mbarúlacha i scríbhinn agus ó bhéal, do na saincheisteanna a ardaíodh agus a pléadh faoi Airteagal 101 CFAE. Fágann sé sin go bhfuilim ag smaoineamh freisin ar an luach breise a d'fhéadfadh a bheith ag baint le measúnú ar na rialacha atá i gceist faoi Airteagal 102 CFAE.

121. In aon chás, feictear dom go bhfuil na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí den tuairim go bhfuil roinnt éifeachtaí *dúshaothraithe* agus roinnt éifeachtaí *eisiatacha* ag na rialacha atá i gceist. Dá dtuigfinn a n-argóintí i gceart, is mar seo a leanas a bheadh na héifeachtaí frithiomaíocha líomhainte a bhaineann leis na rialacha atá i gceist, ó thaobh Airteagal 102 CFAE de.

122. Bheadh na héifeachtaí dúshaothraithe mar thoradh ar an bhfíoras go bhforchuirtear le cuid de na rialacha atá i gceist (amhail iad siúd maidir le luach saothair, agus maidir le faisnéis a thíolacadh agus a nochtadh) coinníollacha trádála éagóracha orthu. Go háirithe, dá bhfágfaí cúrsaí faoi na gnáthchoinníollacha iomaíochta – a áitíonn siad – bheadh na gníomhairí saor chun táillí níos airde a ghearradh ar a gcliaint nó na táillí sin a ríomh ar bhonn paraiméadair éagsúla. Tá na rialacha atá i gceist, dar leo, ina bpionós iomarcach do ghníomhairí, ós rud é nach gcuirtear san áireamh iontu go leordhóthanach cáilíocht agus tábhacht na seirbhísí a sholáthraíonn siad.

123. Ina áit sin, bheadh na héifeachtaí eisiatacha mar thoradh ar an bhfíoras go gcuirtear srian le cuid de na rialacha atá i gceist ar an gcaoi a bhféadann gníomhairí rochtain a fháil ar an margadh dá seirbhísí agus ansin dul san iomaíocht ann (amhail iad siúd atá ar cheadúnú, ar ilionadaíocht agus ar theagmháil a dhéanamh), agus go gcuirtear teorainn le rialacha eile ar an gcaoi a ndéanann clubanna iomaíocht ar mhargadh an aistrithe (amhail na rialacha maidir le luach saothair gníomhairí).

124. Tá difríocht bheag idir mí-úsáidí dúshaothraithe agus mí-úsáidí eisiatacha maidir lena gcineál agus an chaoi a ndéanann siad dochar do thomhaltóirí.

1. *Mí-úsáidí dúshaothraithe*

125. Maidir le mí-úsáidí *dúshaothraithe*, chuirfinn béim ar dtús go bhfuil anailís thar a bheith cúramach ag teastáil uathu.¹¹² Go deimhin, i margaí atá saor agus oscailte, is cosúil nach dócha go dtarlóidh mí-úsáidí den sórt sin, ós rud é go ndéanfaidís iad féin a cheartú de ghnáth. D'fhéadfadh sé a bheith difriúil, áfach, i gcás ina bhfuil bacainní arda ar iontráil ann, nó má oibríonn an gnóthas ceannasach i staid monaplachta *de jure* nó *de facto*.¹¹³

¹¹² Féach, mar shampla, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wahl in *Autortiesību un komunikēšanās konsultāciju aģentūra – Latvijas Autoru apvienība* (C-177/16, EU:C:2017:286, míreanna 36 go 54) ('an Tuairim in AKKA-LAA').

¹¹³ *Ibid.*, míreanna 3 agus 4. Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pitruzzella in *SABAM* (C-372/19, EU:C:2020:598, míreanna 23 go 25).

126. Ag cur le cásdlí na Cúirte atá ann cheana féin, déarfainn gurb é an tástáil bhunúsach maidir le mí-úsáidí dúshaothraithe ná an bhforchuireann an gnólacht ceannasach téarmaí trádála ar a gcustaiméirí nó ar a sholáthraithe nach bhfuil aon ghaol réasúnta acu le cineál an idirbhirt agus/nó luach an táirge nó na seirbhíse a thrádáiltear.¹¹⁴ Tá dhá phríomhchéim anailíse i gceist le measúnú den sórt sin.

127. Mar chéad chéim, ba cheart a sheiceáil an bhfuil difríocht idir na téarmaí trádála a fhorchuireann an gnóthas ceannasach agus na téarmaí a bheadh i bhfeidhm dá mbeadh iomaíocht éifeachtach sa mhargadh. Ní mór tábhacht éigin a bheith ag baint leis an difríocht sin agus ní mór tionchar diúltach a bheith aici ar na custaiméirí nó ar na soláthróirí lena mbaineann.¹¹⁵

128. Má tá, is é an dara céim den anailís a chinneadh an bhfuil na téarmaí trádála a chuireann na gnóthais cheannasacha i bhfeidhm ‘éagórach’, bíodh sé leo féin nó i gcomparáid le táirgí nó seirbhísí iomaíocha a thrádáiltear. Is sa dara céim seo den anailís a fhaightear an bhrí ar fad atá leis an ngá le fíorú an bhfuil aon ghaol *eacnamaíoch* réasúnta ann idir na téarmaí trádála atá i gceist agus an t-idirbheart eacnamaíoch forluiteach a bhrí go léir. An raibh sé riachtanach (nó réasúnta) an téarma sin a áireamh don ghnóthas ceannasach d’fhonn leas tráchtála dlisteanach éigin a shaothrú? An raibh an téarma cothrom, sa chiall go bhfuil a thionchar ar sheasamh an chustaiméara nó an tsoláthraí lena mbaineann comhréireach leis an aidhm atá á saothrú ag an ngnóthas ceannasach? Is iad sin cuid de na saincheisteanna a d’fhéadfaí a scrúdú sa chomhthéacs sin de ghnáth.¹¹⁶ Ar bhealach thar a bheith simplí, nuair nach féidir aon mhíniú dlisteanach agus réasúnach a aithint maidir le téarmaí trádála a áireamh a bhfuil cuma ró-iomarcach nó ró-throm do chustaiméirí nó do sholáthraithe an ghnóthais cheannasachaigh, féadfar na téarmaí sin a cháiliú mar théarmaí ‘éagóracha’, agus dá bhrí sin mí-úsáideach, faoi Airteagal 102 CFAE.¹¹⁷

129. Maidir leis an gcás seo, ba mhaith liom dhá bharúil a dhéanamh.

130. Ar thaobh amháin, is ar éigean is féidir a shéanadh go bhfuil dhá ghné sa chás atá i gceist sna príomhimeachtaí a mheastar, mar a leagtar amach thuas, a fhágann go bhféadfaí mí-úsáidí dúshaothraithe tarlú.¹¹⁸ Ar dtús báire, tá bacainní an-ard ar iontráil sna margaí ina bhfeidhmíonn cumainn spóirt (amhail FIFA).¹¹⁹ Ina theannta sin, níl a *stádas* monaplachta *de facto* sna margaí sin ach go pointe teoranta mar thoradh ar éifeachtúlacht, infheistíocht nó nuálaíocht níos fearr. Go deimhin, eascraíonn sé den chuid is mó ó struchtúr pirimidiúil thionscal an spóirt san Aontas

¹¹⁴ Féach, chuige sin, breithiúnais an 14 Feabhra 1978, *United Brands agus United Brands Continental v an Coimisiún* (27/76, EU:C:1978:22); an 14 Meán Fómhair 2017, *Autortiesību un komunikēšanās konsultāciju agentūra/Latvijas Autoru apvienība* (C-177/16, EU:C:2017:689, mír 35) (‘an breithiúnas in AKKA-LAA’); agus an 25 Samhain 2020, *SABAM* (C-372/19, EU:C:2020:959, mír 28) (‘an breithiúnas in SABAM’).

¹¹⁵ Féach, chuige sin, míreanna 56 go 58 den bhreithiúnas in AKKA-LAA.

¹¹⁶ Féach, mar shampla, breithiúnais an 30 Eanáir 1974, *BRT agus Société belge des auteurs, compositeurs et éditeurs* (127/73, EU:C:1974:6, míreanna 10 go 15); an 6 Deireadh Fómhair 1994, *Tetra Pak v an Coimisiún* (T-83/91, EU:T:1994:246, mír 140); agus an 22 Samhain 2001, *AAMS v an Coimisiún* (T-139/98, EU:T:2001:272, mír 79).

¹¹⁷ Féach, chuige sin, an breithiúnas in AKKA-LAA, mír 36; an breithiúnas in SABAM, mír 31 agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wahl in AKKA-LAA, mír 131.

¹¹⁸ Sa scoláireacht, féach, le tagairtí breise, Lianos, I., Korah, V. agus Siciliani, P., *Competition Law – Analysis, Cases, & Materials*, Oxford University Press, 2019, lch. 1228; agus O’Donoghue, R. agus Padilla, J., *The Law and Economics of Article 102 TFEU*, 3ú heagrán, Hart Publishing, 2020, lgh. 294 go 315.

¹¹⁹ Féach mír 36 den bhreithiúnas in *Superleague*.

Eorpach. Neartaítear an stádas monaplachta sin a thuilleadh le ról an rialtóra *de facto* den éiceachóras iomlán (a bhfuil na margaí ceannasacha ina chroílár¹²⁰) atá ag na comhlachais, rud atá indéanta a bhuí le glacadh sainráite nó intuigthe an Aontais agus na n-údarás náisiúnta.¹²¹

131. Ar an taobh eile, áfach, i bhfianaise cineál sách eisceachtúil na mí-úsáidí dúshaothraithe, ba cheart an tslat tomhais chun a dhearbhuí go bhfuil téarma conarthach arna fhorchur ag gnóthas ceannasach éagórach, de réir bhrí Airteagal 102 CFAE, a chur sách ard. Níl téarma éagórach díreach mar gheall nach nglacfadh custaiméirí nó soláthraithe na ngnóthas ceannasach leis dá mba rud é nach raibh na gnóthais cheannasacha ábalta é a fhorchur a bhuí lena seasamh monaplachta. Níl gach teorannú ar shaoirse chonarthach frithiomaíoch ach an oiread. Tá rud éigin eile ag teastáil, mar a mhínítear thuas. Ar bhonn na faisnéise (teoranta) atá san áireamh sa cháschomhad, níl cinnte an bhfuil aon cheann de na rialacha atá i gceist iomarcach nó ró-throm go follasach do na gníomhairí, agus a réasúnaíocht bhunúsach á cur san áireamh. Is ceist í sin, ar aon nós, atá le cinneadh ag an gcúirt a rinne an tarchur.

2. Mí-úsáidí eisiatacha

132. Leis an mbreithiúnas in *Superleague*,¹²² i gcomhar le breithiúnais eile a tugadh sa tréimhse chéanna (amhail, go háirithe, in *SEN*, *Unilever*, *Google Shopping* agus *Alphabet*¹²³), tugadh níos mó soiléireachta freisin maidir leis an gcoincheap ‘mí-úsáid eisiatach’ chun críocha Airteagal 102 CFAE. Go háirithe, chuir an Chúirt béim ar dhá ghné den anailís, a bhaineann le hiompar an ghnóthais cheannasach: cibé an bhfuil an t-iompar sin i gcomhréir le ‘iomaíocht ar bhonn tuillteanas’ (nó ‘modhanna atá difriúil ó na modhanna lena rialaítear gnáthiomaíocht idir gnóthais’), agus cibé an bhfuil sé in ann éifeachtaí eisiatacha a chruthú.

133. Bheadh plé mionsonraithe ar chineál beacht na ngnéithe sin agus a ngaol lasmuigh de raon feidhme na Tuairime seo. Chun críocha an cháis seo, is leor a lua nach féidir cumhacht comhlachais spóirt rialacha a ghlacadh a théann i bhfeidhm ar iomaíocht i margaí ábhartha éigin a mheas mar léiriú ar ‘iomaíocht ar bhonn tuillteanas’. Go deimhin, mar a mhínítear thuas, eascraíonn an chumhacht sin go príomha as stádas monaplachta *de facto* na gcomhlachas spóirt ar na margaí ceannasacha, agus as an ról atá acu mar rialtóir *de facto* ar an éiceachóras ina iomláine, a bhfuil na margaí ceannasacha ina chroílár.

134. Ar ndóigh, ní thugtar le tuiscint leis sin gur cheart na rialacháin arna n-eisiúint ag cumainn spóirt a mheas mar amhrasach, gan trácht ar a bheith thoimhdiú go bhfuil siad mí-úsáideach. Ní chiallaíonn sé ach gur cheart a gcomhoiriúnacht le hAirteagal 102 CFAE a mheasúnú de réir an cháis, cosúil le cineálacha eile iompair (aontaobhach) ó ghnóthais cheannasacha. Mar is amhlaidh atá i gcás cineálacha iompair iltaobhaigh a thagann faoi Airteagal 101(1) CFAE, maidir le cineálacha iompair aontaobhaigh d’fhéadfaí a chineál frithiomaíoch a shuí trí scrúdú a dhéanamh ar *chuspóir* an iompair nó ar a *éifeachtaí*.¹²⁴

¹²⁰ Féach, chuige sin, mír 149 den bhreithiúnas in *Superleague*.

¹²¹ Féach freisin mír 80 de mo Thuairim in *CD Tondela*.

¹²² Féach, go háirithe, míreanna 124 go 126 agus 131 den bhreithiúnas.

¹²³ An breithiúnas in *SEN*, míreanna 44 go 48, agus 65 go 77; breithiúnais an 19 Eanáir 2023, *Unilever Italia Mkt. Operations* (C-680/20, EU:C:2023:33, mír 39); agus an 10 Meán Fómhair 2024, *Google agus Alphabet v an Coimisiún (Google Shopping)* (C-48/22 P, EU:C:2024:726, míreanna 165 go 167) (‘an breithiúnas in *Google Shopping*’); agus an breithiúnas in *Alphabet*, míreanna 37, 38 agus 54 go 58).

¹²⁴ Féach, chuige sin, na breithiúnais in *Superleague*, mír 131, agus in *Google Shopping*, mír 167. Féach freisin, mo Thuairim i gCásanna Uamtha *Illumina agus Grail v an Coimisiún* (C-611/22 P agus C-625/22 P, EU:C:2024:264, mír 230).

135. Is fíor, murab ionann agus in *Superleague*, agus na margaí nasctha á rialáil aige, nach ngníomhaíonn an comhlachas spóirt i staid ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann. Is léir nach dtugtar le rialacha FFAR aon bhuntáiste do FIFA thar ghnóthais ar iomaitheoirí iarbhrí nó ionchasacha iad.

136. Mar sin féin, ní bhaineann le hábhar sa chás seo an fíoras nach bhfuil FIFA (agus nach bhfuil sé beartaithe aige a bheith) gníomhach in aon cheann de na margaí nasctha,¹²⁵ agus gur eintiteas é nach bhfuil ag iarraidh brabús a dhéanamh.¹²⁶ Ná níl sé beacht a rá nach bhfuil aon leas eacnamaíoch i gceist ag FIFA ach an oiread. Go deimhin, d'fhéadfaí go mbeadh leas *indíreach* ag FIFA maidir leis an iomaíocht sna margaí sin a rialáil, ós rud é gur comhlachas é a bhfuil comhlachais náisiúnta sacair mar bhaill aige a bhfuil eintitis cosúil le clubanna sacair acu féin, mar bhaill nó mar chleamhnaithe.¹²⁷ Is iad clubanna sacair, mar a mhínigh mé, na gnóthais atá ag dul san iomaíocht i gceann de na margaí nasctha agus is iad na ceannaitheoirí atá ag dul san iomaíocht sa mhargadh nasctha eile.

137. Dar liomsa, i gcás inar féidir le gnóthas, *de jure* nó *de facto*, ról rialála a fheidhmiú, lena gcinntear na coinníollacha faoina bhféadfaidh gnóthas rochtain a fháil ar mhargadh áirithe agus lena múnlaítear na dálaí faoina bhféadfaidh na gnóthais sin dul san iomaíocht ansin, ní mór an chumhacht sin a cheapadh go docht agus a fheidhmiú go cúramach, beag beann ar cé acu atá an gnóthas sin é féin gníomhach sa mhargadh sin nó nach bhfuil.¹²⁸

138. Tar éis soiléiriú a dhéanamh ar an méid thuas, i bhfianaise – mar a leagtar amach i mír 120 thuas – go bhfuil na saincheistanna a ardaíodh faoi Airteagal 102 CFAE san iarraidh ar réamhrialú, agus na saincheistanna a phléigh na páirtithe ina mbarúlacha i scríbhinn agus ó bhéal, ag freagairt go bunúsach do na saincheistanna a ardaíodh agus a pléadh faoi Airteagal 101 CFAE, féadfaidh na breithnithe a fhorbraítear sa Tuairim seo maidir leis an bhforáil dheireanach sin a bheith ábhartha, *mutatis mutandis*, do mheasúnú faoin bhforáil roimhe seo.

139. Mar a mheabhraigh an Chúirt in *Superleague*, féadfaidh an t-iompar céanna sárú ar Airteagail 101 agus 102 CFAE araon a bheith mar thoradh air, fiú má tá cuspóirí comhlántacha á saothrú ag na forálacha sin agus go bhfuil raon feidhme ar leith acu. Dá bhrí sin, féadfaidh Airteagail 101 agus 102 CFAE feidhm a bheith acu ag an am céanna, i gcás ina gcomhlíontar a gcoinníollacha cur i bhfeidhm faoi seach. É sin ráite, leag an Chúirt béim freisin ar an tábhacht a bhaineann leis na forálacha sin a léiriú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, ach i gcomhréir le saintréithe sonracha gach ceann acu.¹²⁹

140. Sa chomhthéacs sin, chuirfinn gné thábhachtach leis: i míreanna 182 go 209 agus 231 go 240 den bhreithiúnas in *Superleague*, tá sé soiléirithe ag an gCúirt gur cheart léiriú comhchuí a dhéanamh, a mhéid is féidir, maidir leis na húdaruithe agus na díolúintí éagsúla ó na toirmisc atá leagtha amach in Airteagal 101(1) CFAE agus in Airteagal 102 CFAE. I ndeireadh na dála, ní bheadh aon chiall lena mhalairt a dhéanamh ó thaobh an dlí agus an gheilleagair de. Dá bhrí sin, dá gcinnteadh an chúirt a rinne an tarchur nach dtagann roinnt rialacha atá i gceist faoi raon feidhme Airteagal 101(1) CFAE (mar gheall, mar shampla, go bhfuil feidhm ag an gcásdlí

¹²⁵ Leanann sé sin ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 116 thuas. Féach freisin, de réir analaí, breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2015, *AC-Treuhand v an Coimisiún* (C-194/14 P, EU:C:2015:717, míreanna 27, agus 34 go 36).

¹²⁶ Is gné eile é seo nach bhfuil ábharthacht ar bith leis seo. Féach, chuige sin, na breithiúnais in *MOTOE*, mír 27, agus in *OTOC*, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear.

¹²⁷ Féach an breithiúnas in *FIFA*, mír 118 agus an cásdlí dá dtagraítear.

¹²⁸ Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Superleague*, míreanna 135 go 137 agus an cásdlí dá dtagraítear.

¹²⁹ Mír 119 den bhreithiúnas.

Meca-Medina) nó go bhféadfaí iad a bheith díolmhaithe faoi Airteagal 101(3) CFAE, bheadh uirthi é sin a chur san áireamh, agus na conclúidí iomchuí a bhaint as, agus measúnú á dhéanamh aici an bhféadfaí bonn cirt a thabhairt leis an iompar céanna faoi Airteagal 102 CFAE.

141. Go deimhin, de réir cásdlí socair, tá sé de rogha ag gnóthas a bhfuil ceannasacht aige údar a thabhairt le hiompar a d'fhéadfadh a bheith faoi réir an toirmisc atá leagtha síos in Airteagal 102 CFAE. Go háirithe, féadfaidh gnóthas a léiriú, chuige sin, go bhfuil a iompar riachtanach go hoibiachtúil, nó go bhféadfaí an éifeacht eisiatach arna cruthú a fhrithchothromú nó fiú a shárú le buntáistí i dtéarmaí éifeachtúlachta a bheadh chun leasa an tomhaltóra freisin.¹³⁰

142. Dá bhrí sin, maidir le comhoiriúnacht na rialacha atá i gceist le hAirteagal 102 CFAE, is é ceann de na príomhcheistanna sa mheasúnú a bheidh le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur ná an bhfuil cuspóir dlisteanach á shaothrú ag na rialacha sin i ndáiríre agus an bhfuil siad riachtanach agus comhréireach leis an gcuspóir sin, nó an ndéantar na héifeachtaí frithiomáiocha arna gcruthú a fhrithchothromú nó a shárú le buntáistí i dtéarmaí éifeachtúlachta ar na margáí lena mbaineann a bheadh chun leasa an tomhaltóra freisin.

E. Airteagal 56 CFAE

143. Baineann an tríú saincheist a ardaíodh leis an gceist a tarchuireadh le comhoiriúnacht rialachán amhail FFAR le hAirteagal 56 CFAE.

144. Cumhdaítear leis an bhforáil sin an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar chun leasa soláthraithe agus faighteoirí na seirbhísí sin araon. Sa mhéid sin, cuirtear cosc leis ar aon bhearta náisiúnta, fiú iad siúd atá infheidhme gan idirdhealú, lena gcuirtear srian ar fheidhmiú na saoirse sin trí ghníomhaíocht na soláthraithe sin a thoirmeasc, a bhac nó a dhéanamh níos neamhtharraingtí sna Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil siad bunaithe.¹³¹

145. Chinn an Chúirt go bhfuil feidhm ag an toirmeasc freisin i gcás ina bhfeidhmíonn grúpa nó eagraíocht cumhacht áirithe thar dhaoine aonair agus a bhfuil sé de chumas air coinníollacha a fhorchur orthu trína ndéantar dochar d'fheidhmiú na saoirsí bunúsacha atá ráthaithe faoin gConradh.¹³² Maidir leis sin, baineann an toirmeasc ní hamháin le bearta náisiúnta, ach le rialacha nó cleachtais phríobháideacha freisin, lena n-áirítear iad siúd arna nglacadh ag comhlachas spóirt.¹³³

146. Mar sin féin, féadfar rialacha príobháideacha a cheadú fiú má chuirtear srian leo ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, má chruthaítear go bhfuil údar maith lena nglacadh de bharr cuspóir dlisteanach chun leasa an phobail nach cuspóir eacnamaíoch amháin é agus go n-urramaítear prionsabal na comhréireachta, rud a chiallaíonn go bhfuil siad oiriúnach chun a áirithiú go mbainfear an cuspóir sin amach agus nach dtéann siad thar a bhfuil riachtanach chun na críche sin. Is faoin bpáirtí a thug an beart isteach atá sé a léiriú go gcomhlíontar na coinníollacha sin.¹³⁴

¹³⁰ Féach, le déanaí, an breithiúnas in *Alphabet*, míreanna 70 agus 71, agus an cásdlí dá dtagraítear.

¹³¹ Féach, *inter alia*, an breithiúnas in *Superleague*, mír 247 agus an cásdlí dá dtagraítear.

¹³² Féach, mar shampla, an breithiúnas in *TopFit*, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear.

¹³³ *Ibid.*, mír 49.

¹³⁴ Féach an breithiúnas in *Superleague*, míreanna 251 agus 252 agus an cásdlí dá dtagraítear.

147. I bprionsabal, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé cinneadh a dhéanamh an gcuirtear srian na rialacha atá i gceist sna príomhimeachtaí ar thrádáil laistigh den Aontas Eorpach agus, más amhlaidh go gcuirtear, an bhféadfaí údar maith a thabhairt leo, i bhfianaise na n-argóintí agus na fianaise a thug na páirtithe ar aird.¹³⁵ É sin ráite, thabharfainn faoi deara an méid seo a leanas ar aon nós.

148. Ar an gcéad dul síos, is fíor go bhfuil sé d'éifeacht ag na rialacha atá i gceist, go pointe áirithe, comhchuibhiú a dhéanamh, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ar na ceanglais maidir le gníomhaíocht gníomhaire a fheidhmiú. Ar bhealach éigin, tá an corpas rialacha seo i bhfabhar saorghluaiseacht seirbhísí, ós rud é gur féidir le gníomhairí atá bunaithe i mBallstát amháin, beagnach go huathoibríoch, a gcuid seirbhísí a sholáthar mar ghníomhairí in aon Bhallstát eile.¹³⁶ Go deimhin, cé go bhfuil reachtaíocht ag roinnt Ballstát atá difriúil ó FFAR (agus lena gcuirtear mar sin oibleagáid ar na cumainn sacair náisiúnta ábhartha rialacha a ghlacadh a chomhlánaíonn go páirteach FFAR nó a thagann ina ionad),¹³⁷ tuigim go bhfuil feidhm ag na príomhrialacha FFAR ar fud an Aontais Eorpaigh ina iomláine.

149. Ach ní féidir a shéanadh go ndearna cuid de na rialacha atá i gceist, nuair a glacadh iad, níos deacra é do na gníomhairí atá bunaithe i roinnt Ballstát (i gcás nach raibh gníomhaíocht an ghníomhaire rialáilte nó nach raibh ach fíorbheagán rialála i gceist) oibriú thar lear. Go deimhin, ní mór do na gníomhairí sin ceadúnas a fháil anois agus cloí le roinnt rialacha (lena rialaítear, *inter alia*, cé hiad na daoine ar féidir leo ionadaíocht a dhéanamh dóibh agus conas is féidir leo cliaint nua a earcú), faoi phian smachtbhannaí.

150. Dá réir sin, feictear dom go mbeadh rialacha comhlachais spóirt amhail na rialacha atá i gceist maidir le ceadúnú, ilionadaíocht iolrach, agus teagmháil a dhéanamh ina srian ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar de réir bhrí Airteagal 56 CFAE.

151. I gcodarsnacht leis sin, níl cinnte go bhféadtar teacht ar chonclúid chomhchosúil maidir leis na rialacha i ndáil le luach saothair gníomhairí agus i ndáil le faisnéis a thíolacadh agus a nochtadh. Maidir leis an gcatagóir sin, is cosúil domsa go bhfuil torthaí na Cúirte maidir le reachtaíocht na hIodáile maidir le huastaraí do dhlíodóirí is infheidhme *mutatis mutandis* maidir leis an díospóid atá i gceist sna príomhimeachtaí.¹³⁸ Maidir leis na rialacha i ndáil le faisnéis, is é mo réamhthuairim thosaigh go mbeadh aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag na rialacha sin ar chumas agus dreasacht na ngníomhairí a ngníomhaíochtaí a fheidhmiú thar theorainn ró-éiginte agus ró-indíreach chun Airteagal 56 CFAE a ghníomhachtú.¹³⁹

152. A mhéid a bhaineann le bonn cirt, mhínigh mé cheana féin cén fáth gur féidir cuspóirí áirithe arna n-agairt ag FIFA a mheas, i bprionsabal, mar chuspóirí dlisteanacha agus chun leasa an phobail. Níl an scéal chomh soiléir sin, áfach, maidir leis na cuspóirí eile a bhfuiltear ag brath orthu. Tá mo bhreithnithe ar an ábhar sin bailí sa chomhthéacs sin freisin.

¹³⁵ Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Royal Antwerp*, mír 143.

¹³⁶ Féach, go háirithe, Airteagal 2 FFAR.

¹³⁷ Féach Airteagal 3(3) FFAR.

¹³⁸ Breithiúnas an 29 Márta 2011, *an Coimisiún v an Iodáil* (C-565/08, EU:C:2011:188, mír 47 go mír 54).

¹³⁹ Féach, de réir analaí, breithiúnas 22 Nollaig 2022, *Airbnb Ireland agus Airbnb Payments UK* (C-83/21, EU:C:2022:1018, míreanna 45, 50 agus 51).

153. Mar sin féin, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú an bhfuil na rialacha atá i gceist oiriúnach chun na cuspóirí sonraithe a bhaint amach. Go háirithe, ba cheart di measúnú a dhéanamh an léirítear ábhar inní leis na rialacha sin i ndáiríre chun na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach *comhsheasmhach agus córasach*.¹⁴⁰

154. Is céim thar a bheith tábhachtach san anailís é sin, i mo thuairimse. Go deimhin, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur a chinneadh an bhfuil sé i ndáiríre beartaithe leis na rialacha atá i gceist na cuspóirí arna n-agairt ag FIFA a shaothrú agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon chúis fholaithe taobh thiar dá nglacadh. Mar a shonraigh mé i mír 50 de mo Thuairim in *ROGON*, tá amhras orm go deimhin, i gcás beagnach aon bhirt arna ghlacadh ag comhlachas spóirt, go bhféadfaí leas éigin de chineál ginearálta a líomhnaítear a bheith á shaothrú a chur le chéile *ex post*, nuair a bhíonn gá le bonn cirt a thabhairt don bheart. Ina theannta sin, ní gá a rá gur ar éigean a fhéadtar a mheas go bhfuil leas poiblí éigin i ndáiríre á shaothrú ag beart, ach amháin má chuirtear go mór leis le cur chun cinn an leasa sin.

155. Ar deireadh, tá sé de dhualgas ar an gcúirt a rinne an tarchur a sheiceáil an dtéann na rialacha atá i gceist thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí atá i gceist a shaothrú. Is éard atá i gceist leis an gcéim sin, ar an gcéad dul síos, ná a fhíorú nach bhféadtar an leibhéal céanna cosanta don leas atá i gceist a bhaint amach le bearta nach mbeadh chomh sriantach céanna maidir le saoirsí eacnamaíocha na ngníomhairí. Ar deireadh, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur a áirithiú freisin go bhfuil na rialacha atá i gceist comhréireach *stricto sensu*, sa mhéid is go mbaintear cothromaíocht chóir amach iontu idir leasanna ar mian le FIFA a chosaint, agus leasanna na ngníomhairí a mbíonn tionchar diúltach acu orthu. Ní bheadh sé sin amhlaidh, mar shampla, i gcás ina bhfuil leas dlisteanach agus bailí á shaothrú ag riail ach, beag beann ar cibé an bhfuil bearta malartacha ann, go mbeadh an t-ualach a chuirfí ar na gníomhairí chun na críche sin míréasúnta agus iomarcach ar aon nós.

156. Dá réir sin, faoi Airteagal 56 CFAE, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur a sheiceáil an bhfuil údar maith leis na rialacha lena gcuirtear srian ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar de bharr cuspóir dlisteanach chun leasa an phobail, nach cuspóir de chineál eacnamaíoch amháin é, agus cé acu an gcomhlíontar leo prionsabal na comhréireachta, a chiallaíonn go bhfuil siad oiriúnach chun a áirithiú go mbainfear amach an cuspóir sin agus nach dtéann siad thar a bhfuil riachtanach chun na críche sin.

F. Airteagal 6 de RGCS

157. Baineann an ceathrú ceist agus an cheist dheireanach a ardaíodh leis an gceist a tarchuireadh le comhoiriúnacht rialachán amhail FFAR le hAirteagal 6 de RGCS. Ina hordú tarchuir, luann an chúirt a rinne an tarchur an phróiseáil sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 16(2)(j)(ii) go (v) agus (k)(ii) de FFAR agus Airteagal 19 de FFAR.

158. Go bunúsach, ceanglaítear ar ghníomhairí faoi Airteagal 16(2)(j)(ii) go (v) agus (k)(ii) de FFAR sonraí maidir le comhaontuithe cliant, luach saothair agus comhoibriú a uaslódáil ar ardán arna oibriú ag FIFA laistigh de 14 lá. Foráiltear le hAirteagal 19 de FFAR freisin go nochtfaidh gníomhairí sonraí pearsanta do FIFA, lena n-áirítear faisnéis faoi chliant, seirbhísí agus idirbhearta, a chuirtear ar fáil ansin do pháirtithe leasmhara áirithe chun críocha faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha substainteacha FFAR.

¹⁴⁰ Féach, chuige sin, an breithiúnas in *FIFA*, mír 95 agus an cásdlí dá dtagraítear.

159. Leagtar amach in Airteagal 6(1) RGCS liosta uileghabhálach agus sriantach de na cásanna ina bhféadfar a mheas go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dleathach. Cé nár shonraigh an chúirt a rinne an tarchur cén phróiseáil faoin bhforáil sin a mheasann sí a bheith ábhartha maidir leis na príomhimeachtaí, is léir ón bhfaisnéis san ordú tarchuir agus ó chineál na rialacha FFAR atá i gceist go bhfuil Airteagal 6(1)(f) ábhartha sa chomhthéacs seo.

160. Foráiltear le hAirteagal 6(1)(f) de RGCS go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dleathach más ‘gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí [...]’.

161. De réir an cásdlí socair, leagtar síos leis an bhforáil sin trí choinníoll charnacha ionas go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta a chumhdaítear leis an bhforáil sin dleathach. Ar an gcéad dul síos, ní mór don rialaitheoir nó do thríú páirtí *leas dlisteanach* a shaothrú. Ar an dara dul síos, ní mór don phróiseáil sonraí pearsanta a bheith *riachtanach* chun an leas sin a bhaint amach. Ar an tríú dul síos, níor cheart tosaíocht a bheith ag *leasanna ná saoirsí agus cearta bunúsacha an duine* a bhfuil a shonraí pearsanta i mbaol thar leas dlisteanach an rialaitheora nó tríú páirtí.¹⁴¹

162. Cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, sa deireadh, a mheas an gcomhlíontar na trí choinníoll dá dtagraítear thuas i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta atá i gceist sna príomhimeachtaí, is faoin gCúirt atá sé, agus réamhrialú á thabhairt aici ar tharchur, soiléirithe a thabhairt chun treoir a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur sa mheasúnú sin.¹⁴² Dá réir sin, sna ranna seo a leanas, déanfaidh mé iarracht treoir a thabhairt maidir le conas ba chóir don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú an bhféadtar na trí choinníoll charnacha dá dtagraítear sa phointe roimhe seo a chur i bhfeidhm maidir le rialacháin amhail FFAR.

163. Sula dtéim ar aghaidh, áfach, is fiú focal rabhaidh a rá: de bhun Airteagal 1(1) de RGCS, ní thugtar cosaint leis an Rialachán sin ach do phróiseáil sonraí a bhaineann le daoine nádúrtha. Dá bhrí sin, mar a léirítear go soiléir ina aithris 14 de, níl feidhm ag RGCS maidir leis ‘an bpróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann le daoine dlítheanacha agus go háirithe gnóthais atá bunaithe mar dhaoine dlítheanacha, lena n-áirítear ainm agus foirm an duine dhlítheanaigh agus sonraí teagmhála an duine dhlítheanaigh’. Dá bhrí sin, dá gcinneadh an chúirt a rinne an tarchur nach raibh na rialacha atá i gceist ag luí le hAirteagal 6 de RGCS, ní bheadh feidhm ag an gcinneadh sin ach amháin maidir le sonraí (pearsanta) a bhaineann le gníomhairí ar daoine nádúrtha iad, agus le himreoirí sacair nó – i gcás inarb ábhartha – le daoine aonair eile (amhail foireann na gclubanna sacair lena mbaineann, nó foireann na ngníomhaireachtaí trína bhféadfadh gníomhairí a ngníomhaíochtaí gnó a sheoladh).

1. FFAR agus leasanna dlisteanacha

164. Maidir leis an gcéad choinníoll, a bhaineann le *leas dlisteanach* a shaothrú, ba cheart a mheabhrú, de réir Airteagal 13(1)(d) de RGCS, gurb é an rialaitheoir atá freagrach, tráth a bhailítear sonraí pearsanta a bhaineann le hábhar sonraí ón duine sin, as na leasanna dlisteanacha atá á saothrú a chur in iúl dó nó di i gcás ina bhfuil an phróiseáil sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(f) den Rialachán sin. Dá réir sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé a fháil amach, ar dtús, ar chomhlíon FIFA an oibleagáid sin trí na gníomhairí a chur ar an eolas go díreach faoin leas dlisteanach a bhí á shaothrú tráth bhailiú na sonraí.

¹⁴¹ Breithiúnas an 9 Eanáir 2025, *Mousse* (C-394/23, EU:C:2025:2, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear) (‘an breithiúnas in *Mousse*’).

¹⁴² *Ibid.*, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear.

165. Mura gcomhlíontar an oibleagáid sin, ní fhéadtar bonn cirt a thabhairt leis an mbailiú ar bhonn Airteagal 6(1)(f) de RGCS.

166. É sin ráite, ba cheart a thabhairt faoi deara, in éagmais sainmhíniú ar an gcoincheap ‘leas dlisteanach’ in RGCS, go bhféadfaí, i bprionsabal, raon leathan leasanna a mheas mar leasanna dlisteanacha. Mar is léir ó aithris 47 de RGCS, níl an coincheap sin teoranta do leasanna atá cumhdaithe sa dlí agus á gcinneadh leis, agus d’fhéadfadh leasanna de chineál eacnamaíoch a bheith dlisteanach freisin. D’fhéadfadh leas dlisteanach a bheith ann, mar shampla, i gcás ina bhfuil caidreamh ábhartha agus iomchuí idir an t-ábhar sonraí agus an rialaitheoir, amhail nuair is cliant an t-ábhar sonraí nó nuair atá sé i seirbhís an rialaitheora, nó fiú i gcomhthéacs na margaióchta dírí.¹⁴³

167. Sa chás seo, níl an caidreamh idir FIFA agus gníomhairí cosúil leis an gcaidreamh clasaiceach seirbhíse cliant dá dtagraítear in aithris 47 de RGCS. Mar sin féin, tá baint dhlúth ag gníomhaíochtaí na ngníomhairí – mar a mhínítear freisin i míreanna 57, 58 agus 65 de mo Thuairim in *ROGON* – le creat rialála FIFA. Go deimhin, is gairmithe creidiúnaithe iad gníomhairí atá cláraithe le FIFA agus atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh do pháirtithe leasmhara agus comhairle a chur orthu laistigh d’éiceachóras thionscal an tsacair, faoi réir na rialacha atá leagtha síos ag an gcomhlacht rialaithe sin. Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil dlúthghaol ábhartha agus cuí idir an péire acu.

168. Thairis sin, agus le hábharthacht ar leith don ábhar atá idir lámha, sonraítear in Airteagal 1(2) de FFAR go bhfuil a rialacha ceaptha chun a áirithiú go bhfuil iompar na ngníomhairí comhsheasmhach le príomhchuspóirí an chórais aistrithe sacair agus le cuspóirí eile lena n-áirítear – mar a deir FIFA – cáilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn gníomhairí do chliant a choinneáil ar bun ar tháillí córa agus réasúnta, coinbhleachtaí leasa a theorannú, trédhearcacht airgeadais agus riaracháin a fheabhsú, agus cleachtais mhí-úsáideacha a chosc. Ina aighneachtaí i scríbhinn, míníonn FIFA freisin go ráthaítear le hAirteagal 16(2)(j)(ii) go (v) agus (k)(ii) de FFAR agus Airteagal 19 de FFAR, trédhearcacht den chuid is mó, go n-áirithítear leo maoirseacht agus forfheidhmiú ar chomhlíonadh fhorálacha substainteacha FFAR.

169. Tá trí bharúil le déanamh agam maidir leis sin.

170. Ar an gcéad dul síos, mar a fheicim é, is léir gur leasanna dlisteanacha de réir bhrí Airteagal 6 de RGCS iad teorannú coinbhleachtaí leasa agus cosc a chur ar chleachtais mhí-úsáideacha. Ar an gcaoi chéanna, is cuspóir inghlactha freisin, i bprionsabal, FIFA a chumasú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha substainteacha FFAR agus iad a fhorfheidhmiú, ar choinníoll – is ar éigean is gá dom a rá freisin – nach sáraítear aon fhoráil de dhlí an Aontais leis na rialacha substainteacha atá i gceist.

171. Ar an dara dul síos, ní mór dom a rá go bhféadtar ‘trédhearcacht’ a mheas mar luach ar fiú é a chosaint ann féin nuair a bhaineann sé le gníomhaíocht údarás poiblí, ós rud é go bhfuil nasc soiléir idir daonlathas agus trédhearcacht (nó oscailteacht) laistigh den riarachán poiblí.¹⁴⁴ Mar sin féin, a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha de dhaoine príobháideacha, níl an scéal chomh soiléir sin. Go deimhin, ní mór trédhearcacht a réiteach le príobháideachas. Sa bhreis air sin, d’fhéadfadh roinnt iarmhairtí mí-ámharacha a bheith ag baint le trédhearcacht

¹⁴³ *Ibid.*, míreanna 46 agus 47 agus an cásdlí dá dtagraítear. Féach freisin aithris 47 de RGCS.

¹⁴⁴ Féach, go háirithe, Airteagal 15(1) CFAE ina sonraítear, ‘d’fhonn an dea-rialachas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú, seolfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a gcuid oibre *ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir*’ (béim curtha leis). Féach freisin, Airteagal 15(2) agus (3) CFAE agus Airteagal 11(1) go (3) CAE.

maidir le faisnéis eacnamaíoch agus airgeadais duine – pointe a bhfillfidh mé air níos déanaí – cosúil le tús áite a thabhairt do chlaonpháirteachas idir iomaitheoirí nó trí ghníomhartha iomaíochta éagóraí a cheadú. Dá bhrí sin, measaim gur cheart don chúirt a rinne an tarchur, maidir le gach cineál faisnéise atá le cur isteach ar fhorais trédhearcachta (líomhainte), an cheist seo a chur: *cad é an cuspóir* le trédhearcacht a áirithiú?

172. Ar an tríú dul síos, tá beagán mearbhaill orm freisin maidir leis an gculpóir ‘cáilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn Gníomhairí do chliant a choinneáil ar bun ar tháillí córa agus réasúnta’.¹⁴⁵ Is dhá aidiacht iad ‘cóir’ agus ‘réasúnta’ a bhfuil gá dosheachanta le meastóireacht shuibhiachtúil ina leith. Cé acu atá nó nach bhfuil táillí áirithe ‘cóir agus réasúnta’ nó nach bhfuil, braitheann sé sin, ar ndóigh, ar an dearcadh a ghlactar agus na táillí sin á mbreithniú. Táim cinnte go minic go mbíonn easaontas idir foirne sacair agus gníomhairí maidir leis sin. Thairis sin, níl a fhios agam an bhféadfaidh comhlachas gnóthas (*in casu*, FIFA) a mhaíomh go bailí go bhfuil leas dlisteanach á shaothrú aige nuair a iarrann sé ar chomhpháirtithe tráchtála áirithe (*in casu*, gníomhairí) faisnéis eacnamaíoch agus airgeadais de chineál rúnda a nochtadh, d’fhonn a bheith in ann ‘margadh níos fearr a bhaint amach’ (*in casu*, táillí níos ísle) uathu, ná dá bhfágfaí an t-ábhar faoi réir ghnáthdhálaí na hiomaíochta. D’fhéadfadh sé a bheith difriúil, áfach, dá measfaí – mar a mhínítear thuas – go mbeadh gá le sásra áirithe chun táillí a shocrú chun íosmhéid iomaíochais agus cothroime a áirithiú sna comórtais, nó chun na hoibreoirí margaidh eile atá bainteach leis (amhail lúthchleasaithe, agus go háirithe na lúthchleasaithe óga) a chosaint ar choinbhleachtaí leasa nó ar chleachtais mhí-úsáideacha nó chalaoiseacha.

2. FFAR agus riachtanas

173. Maidir leis an dara coinníoll a bhaineann le *riachtanas*, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur a chinneadh an féidir an leas dlisteanach um próiseáil sonraí atá á shaothrú a bhaint amach chomh héifeachtach céanna ar mhodhanna eile nach bhfuil chomh sriantach céanna ar chearta agus ar shaoirsí bunúsacha ábhar sonraí, go háirithe na cearta maidir le hurraim don saol príobháideach agus maidir le cosaint sonraí pearsanta a ráthaítear le hAirteagal 7 agus 8 den Chairt.¹⁴⁶

174. Ba cheart a mheabhrú freisin gur gá an coinníoll a bhaineann leis an ngá atá le próiseáil a scrúdú i gcomhar leis an bprionsabal ‘íoslaghdú sonraí’ atá cumhdaithe in Airteagal 5(1)(c) de RGCS, ar dá réir nach mór do na sonraí pearsanta a bheith ‘leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil’.¹⁴⁷

175. I bhfianaise an mhéid sin, chun a chinneadh an bhfuil próiseáil sonraí áirithe ‘riachtanach’ de réir bhrí Airteagal 6(1)(f) de RGCS, is gá, go háirithe, a fhíorú an méid seo a leanas maidir leis na bearta lena bhforáiltear don phróiseáil sin: (i) go gcosnaítear *i ndáiríre* an leas poiblí arna agairt (sa chiall nach bhfuil aon chúis fholaithe taobh thiar díobh); (ii) gur glacadh iad mar fhreagairt ar *riachtanas oibiachtúil* an cuspóir sin a shaothrú; (iii) go bhfuil siad *oiriúnach* chun na cuspóirí sin a bhaint amach (rud a chiallaíonn gur cosúil go bhfuil sé de chumas orthu rannchuidiú go suntasach lena mbaint amach); agus (iv) go bhféadfaí *bearta malartacha* a chur ina n-ionad nach gcuirfeadh isteach chomh mór sin ar phríobháideacht na ndaoine nádúrtha lena mbaineann.

¹⁴⁵ Béim curtha leis.

¹⁴⁶ Breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Koninklijke Nederlandse Lawn Tennisbond* (C-621/22, EU:C:2024:858, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

¹⁴⁷ *Ibid.*, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear.

176. Sa chás seo, áitíonn FIFA nach gceanglaítear leis na forálacha sin ach faisnéis riachtanach a thíolacadh, agus go n-áirithítear leo go bhfuil sí ar fáil do pháirtithe a bhfuil rochtain ar shonraí den sórt sin rithábhachtach dóibh chun a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a fheidhmiú.

177. Tugaim faoi deara, áfach, go gceanglaítear leis na forálacha FFAR atá i gceist ar ghníomhairí líon sách *substaintiúil* sonraí a chur faoi bhráid FIFA (i dtéarmaí cineáil agus cainníochta araon).¹⁴⁸ Áirítear leis sin ní hamháin faisnéis phearsanta a bhaineann le próifíl gníomhaire, liosta cliant agus seirbhísí a chuirtear ar fáil, ach sonraí faoi chomhaontuithe conarthacha, idirbhearta airgeadais agus luach saothair freisin. Sainordaítear leis na forálacha sin freisin go gcuirfear cuid den fhaisnéis sin ar fáil do thacar sách mór daoine nádúrtha agus dlítheanacha: clubanna eile, imreoirí agus gníomhairí imreoirí.

178. Más amhlaidh atá, ar cheann de na príomh-shaincheisteanach nach mór don chúirt a rinne an tarchur aghaidh a thabhairt orthu, dar liomsa, ná an bhféadfadh *raon feidhme* na sonraí atá le soláthar do FIFA, agus é sin de na sonraí atá le nochtadh do thríú páirtithe, a bheith teoranta go hinchreidte agus/nó an mbeadh roghanna malartacha ar fáil atá chomh héifeachtach céanna agus nach bhfuil chomh hionsáite céanna.

179. Chuige sin, sílim gur cheart do FIFA a mhíniú, don chúirt a rinne an tarchur, cén fáth, *maidir le gach cineál faisnéise*, nach bhféadfaí deireadh a chur lena thabhairt ar aird ag na gníomhairí agus, i gcás inarb infheidhme, lena nochtadh do pháirtithe leasmhara, ós rud é go mbeadh sé dodhéanta nó ródheacair do FIFA na leasanna dlisteanacha atá i gceist a chosaint.

3. FFAR agus leasanna sáraitheacha na n-ábhar sonraí

180. I ndáil leis an tríú coinníoll, ar deireadh, ní mór a chinneadh an sáraítear leasanna dlisteanacha an rialaitheora nó tríú páirtí le leasanna nó cearta agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí. Maidir leis sin, chinn an Chúirt gurb éard atá i gceist leis an gcoinníoll sin ná cothromaíocht idir na cearta agus na leasanna freasúracha, rud a bhraitheann, i bprionsabal, ar imthosca sonracha an cháis ar leith.

181. Cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé an cleachtadh cothromaíochta sin a dhéanamh – a éilíonn eolas sách domhain ar na leasanna iomaíocha –¹⁴⁹ chun cabhrú leis an gcúirt a rinne an tarchur ina measúnú, tabharfaidh mé na barúlacha seo a leanas.

182. Is éard atá i gceist leis an gcoinníoll go bunúsach ná an méid seo a leanas a sheiceáil: ag glacadh leis go bhfuil leas dlisteanach á shaothrú i ndáiríre ag próiseáil sonraí, agus go bhfuil gá leis chun na críche sin, an bhfuil an phróiseáil ag dul rófhada mar sin féin toisc go gcuireann sé *ualach do-ghlactha* ar na hábhair sonraí? Is é sin le rá, an bhfuil íobairt leasanna na n-ábhar sonraí iomarcach, i bhfianaise na gcúiseanna a bhfuil an phróiseáil sonraí á déanamh agus an chaoi a ndéantar í?

¹⁴⁸ Go teagmhasach, tugaim faoi deara, de réir Thuarascáil Ghníomhairí Sacair FIFA 2024, go raibh ceadúnas ag 7 558 duine san iomlán mar ghníomhairí sacair an 5 Nollaig 2024. Tugtar le fios leis sin go bhfuil scála suntasach próiseála sonraí ann, rud atá comhsheasmhach leis an gcoincheap ‘mórsála’ faoi aithris 91 de RGCS, ina ndéantar tagairt do phróiseáil ‘méid suntasach’ sonraí pearsanta a bhfuil an cumas acu tionchar a imirt ar líon mór ábhar sonraí. Tá iarmhairtí áirithe ag baint leis an gcatagóiríú sin de bhun fhorálacha RGCS.

¹⁴⁹ An breithiúnas in *Mousse*, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear.

183. Chinn an Chúirt, chuige sin agus na cearta freasúracha atá i gceist á gcothromú, nach mór aird ar leith a thabhairt ar *ionchais réasúnacha* an ábhair sonraí, ar scála na próiseála, agus ar a tionchar ar an duine aonair atá i gceist.¹⁵⁰ Go deimhin, leanann sé ó aithris 47 de RGCS go bhféadfadh go háirithe, sáraíocht a bheith ag leasanna agus ag cearta bunúsacha an ábhair sonraí ar leas an rialaitheora sonraí i gcás ina ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil in imthosca nach mbeadh na hábhair sonraí ag súil leis go ndéanfaí a leithéid de phróiseáil iontu.

184. I gcúinsí sonracha an cháis seo, i gcás ina n-oibríonn gníomhairí laistigh de chreat rialála amhail FFAR, is cosúil go mbeadh sé réasúnta a bheith ag súil go ndéanfaí an comhlacht rialála a leag síos an creat sin a gcuid sonraí a phróiseáil. Go háirithe, ní bheadh FIFA ábalta faireachán agus forfheidhmiú éifeachtach ar chomhlíonadh a dhéanamh gan rochtain ar fhaisnéis ábhartha maidir le gníomhairí agus a gcuid seirbhísí.

185. Mar sin féin, sa chomhthéacs sin freisin, d'fhéadfadh ceisteanna teacht chun cinn maidir le cé acu an bhféadfadh gníomhairí a bheith ag súil go réasúnta go nochtfaí na sonraí sin go léir nó gnéithe áirithe díobh do pháirtithe seachas an comhlacht rialaithe a rialaíonn sacar. Go deimhin, ní léir conas a thagann nochtadh sonraí gníomhairí do chlubanna, d'imreoirí agus do ghníomhairí eile leis an leas dlisteanach a bhfuil FIFA ag próiseáil na sonraí ina leith – eadhon, chun a údarás rialála a fheidhmiú chun cuspóirí FFAR a bhaint amach.

186. Feidhmíonn gníomhairí laistigh de mhargadh thar a bheith iomaíoch, áit a bhfuil faisnéis maidir lena mbonn cliant agus socruithe conarthacha ina sonraí tráchtála luachmhara. Má bhíonn rochtain ag iomaitheoirí (gníomhairí iomaíocha) nó ag cliaint ionchasacha (imreoirí agus clubanna) ar shonraí den sórt sin, d'fhéadfadh sé seo, ar thaobh amháin, difear a dhéanamh do struchtúr iomaíoch an mhargaidh agus, ar an taobh eile, dochar airgeadais tromchúiseach a dhéanamh do na gníomhairí freisin.

187. Mar a luadh i mír 171 thuas, d'fhéadfadh nochtadh sonraí eacnamaíocha agus airgeadais gníomhairí chuig iomaitheoirí a bheith i bhfabhar claonpháirteachas sa mhargadh. D'fhéadfaí go mbeadh cleachtais iomaíocha éagóracha mar thoradh air freisin, rud a ligfeadh do ghníomhairí iomaíocha cur isteach ar chaibidlíocht amach anseo. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé an mhuinín a bhaint de chaidrimh idir gníomhaire agus cliant, toisc go bhféadfadh an baol go nochtfaí sonraí íogaire conarthacha agus airgeadais caibidlíocht thrédhearcach a dhíspreagadh agus, sa deireadh, an mhuinín a bhaint den chreat rialála. A mhéid a fheidhmíonn FIFA gníomh rialála i leith gníomhairí, ba cheart go mbeadh muinín acu as an gcomhlacht sin a bheith ábalta a leasanna dlisteanacha a bhaineann le príobháideachas agus rúndacht a chur san áireamh. Ní fhéadtar an creat dlíthiúil a bheith dírithe go heisiach ar leasanna clubanna agus imreoirí, cé chomh dlisteanach is a d'fhéadfadh na leasanna sin a bheith.

188. Dá réir sin, d'fhéadfadh oibleagáid fhairsing sonraí a chur isteach, agus an fhéidearthacht go mbeadh rochtain ag tríú páirtithe ar na sonraí sin, cur isteach ní hamháin ar chearta na ngníomhairí maidir le hurraim don saol príobháideach agus maidir le sonraí pearsanta a chosaint (Airteagail 7 agus 8 den Chairt), ach b'fhéidir freisin ar shaoirse na ngníomhairí gnó a sheoladh (Airteagal 16 den Chairt).

¹⁵⁰ Féach, go háirithe, breithiúnas an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile* (Tearmaí ginearálta úsáide líonra sóisialta) (C-252/21, EU:C:2023:537, mír 116).

189. I bhfianaise na mbreithnithe sin thuas, ní fhéadtar a chur as an áireamh go bhféadfaí, i bpáirt ar a laghad, bonn cirt a thabhairt leis an bpróiseáil ar na sonraí pearsanta atá i gceist sna príomhimeachtaí mar phróiseáil riachtanach chun críoch leasanna dlisteanacha de réir bhrí Airteagal 6(1)(f) de RGCS, a mhéid a chuirtear, go háirithe, faisnéis áirithe de chineál eacnamaíoch agus airgeadais ar fáil do pháirtithe seachas FIFA agus a orgáin agus a chomhlachtaí.

190. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart an ceathrú cuid den cheist a tharchuirtear a fhreagairt sa chaoi is go gcomhlíontar Airteagal 6(1) de RGCS le rialacháin arna n-eisiúint ag comhlachais spóirt a bhaineann le sonraí pearsanta daoine nádúrtha a thíolacadh agus a nochtheadh do thríú páirtithe, i gcás, go háirithe, (i) go bhfuil leas ar fiú é a chosaint á shaothrú ag na rialacháin sin; (ii) go bhfuil siad teoranta don mhéid is gá chuige sin; agus (iii) nach gcuireann siad ualach dodhéanta ar na hábhair sonraí maidir lena gceart chun príobháideachta agus a leasanna airgeadais.

V. Conclúid

191. Mar fhocal scoir, molaim go bhfreagróidh an Chúirt an cheist a tharchuir Landgericht Mainz (Cúirt Réigiúnach, Mainz, an Ghearmáin) chun réamhrialú, sa chaoi nach bhfuil cosc ar na rialacha atá leagtha amach i rialacháin arna n-eisiúint ag comhlachais spóirt a bhaineann le gníomhaíocht gníomhairí sacair:

- le hAirteagal 101 CFAE, más féidir bonn cirt a thabhairt le haon éifeachtaí frithiomaíocha suntasacha a bhaineann leis na rialacha sin faoin gcásdlí *Meca-Medina*, nó a bheith díolmhaithe faoi Airteagal 101(3) CFAE;
- le hAirteagal 102 CFAE, má tá cuspóir dlisteanach á shaothrú ag na rialacha sin i ndáiríre agus an bhfuil siad riachtanach agus comhréireach leis an gcuspóir sin, nó an ndéantar na héifeachtaí frithiomaíocha arna gcruthú a fhrithchothromú nó a shárú le buntáistí i dtéarmaí éifeachtúlachta sna margaí lena mbaineann a bheadh chun leasa an tomhaltóra freisin;
- le hAirteagal 56 CFAE má tá údar maith leis na rialacha sin, lena gcuirtear srian ar an tsaoirse soláthair de bharr cuspóir dlisteanach chun leasa an phobail, nach cuspóir de chineál eacnamaíoch amháin é, agus an gcomhlíontar leo prionsabal na comhréireachta, arb éard atá i gceist leis sin ná go bhfuil siad oiriúnach chun a áirithiú go mbainfear amach an cuspóir sin agus nach dtéann siad thar a bhfuil riachtanach chun na críche sin; agus
- le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), má bhaineann siad le sonraí pearsanta daoine nádúrtha a thíolacadh agus a nochtheadh do thríú páirtithe, má tá leas ar fiú é a chosaint á shaothrú acu, má tá siad teoranta don mhéid is gá chuige sin, agus nach gcuirtear ualach dodhéanta leo ar na hábhair sonraí maidir lena gceart chun príobháideachta agus a leasanna airgeadais.